An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

# Ráiteas Straitéise 2011-2014

## Brollach

Is éard atá sa doiciméad seo ná Ráiteas Straitéise 2011-2014 na Roinne. Achoimre atá ann ar ár straitéis agus cuireann sé breacléargas ar fáil ar ár Misean agus ar ár spriocanna straitéiseacha. Leagtar amach ann, go beacht, an comhthéacs reatha ina bhfuil ár bpáirtithe leasmhara agus an Roinn ag feidhmiú, agus sonraítear ann ár ngealltanais ó thaobh na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Tiocfaidh ábhar agus ionchuir eile in áit na Straitéise seo le linn a shaolré lena n-áirítear Plean Feidhmithe na Straitéise ina leagfar amach ár bpríomh-mhéadrachtaí, ár bpríomhfhreagrachtaí agus ár n-amscálaí do bhaint amach na ngealltanas ann. Tacófar le cur i bhfeidhm na Straitéise trí mheán an phróisis pleanála gnó i ngach Rannán agus Aonad Gnó, agus mar thoradh air sin déanfar nuashonrú air le linn shaolré na Straitéise.

| | |
|---|---|
| *Risteárd De Briotún* | *Sèan* Ó Murchú |
| *Aire Fiontar Poist, agus Nuálaíocht* | *Ard-Rúnaí* |

# Clár na nÁbhar

Brollach ........ 2
Clár na nÁbhar ........ 3
1. Achoimre Fheidhmeach ........ 4
2. Ag Tacú le Fiontair ........ 7
3. Ag Feabhsú Iomaíochais agus na Rochtana ar Airgeadas ........ 9
4. Ag Forbairt Fiontar agus Post ........ 12
5. Ag Méadú Easpórtálacha ........ 15
6. Rialáil ........ 17
7. Nuálaíocht ........ 20
8. Ag Forbairt Earnálacha le Poitéinseal ........ 22
9. Ag Cur i bhFeidhm na Straitéise agus Ag Bainistiú an Athraithe ........ 23
Aguisín – An Clár do Ghealltanais Rialtais ........ 27

# 1. Achoimre Fheidhmeach

## Réamhrá

Ar cheapadh dó, shann Risteárd De Briotún, T.D., an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar an Roinn Straitéis nua a fhorbairt, ina leagfaí amach go soiléir na dúshláin atá i ndán don eagraíocht, ina sainaithneofaí na roghanna atá ann chun na dúshláin sin a shárú agus chun clocha míle a ainmniú chun réitigh a chur ar fáil.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar an straitéis agus chuir ar bun próiseas forbraíochta a d'áirigh próiseas mór rannpháirtíochta le tionscail agus le heagraíochtaí ionadaithe fostaithe, le fiontair indibhidiúla agus le fiontraithe i bpríomhearnálacha, le páirtithe leasmhara eile, lenár bhfoireann, lenár ngníomhaireachtaí, agus le hoifigí reachtúla, agus le heagraíochtaí rialtais eile.

## Ár Misean

Tá straitéis na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta á shuí aige don chéad trí bliana eile i gcomhthéacs eacnamaíochta atá thar a bheith dúshlánach. Cailleadh an iliomad post agus tá roinnt mhaith gnóthaí faoi dhianbhrú. Táimid ag feidhmiú i dtimpeallacht chasta atá múnlaithe ag gnéithe eacnamaíochta, sóisialta agus polaitiúla agus tá ár dtosaíochtaí oibre faoi thionchar na mbreithniúchán rialtais, dlí agus beartais phoiblí chomh maith le ceanglais eile atá leagtha ag an Aontas Eorpach orainn maille le ceanglais idirnáisiúnta eile. Tá ár gcuid oibre múnlaithe freisin ag mórshrianta airgeadais agus acmhainní daonna.

*straitéis do phoist*

Ní foláir dúinn ár ndícheall a dhéanamh leis an straitéis chun sraith spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach agus fís a réadú dár ngeilleagar le go mbeidh sé iomaíoch, fuinniúil agus nuálach. **Ní foláir don straitéis maidir le cruthú agus caomhnú post a bheith ag a croílár.** Tá fís uaillmhianach socraithe ag an Aire, fís ina mbeidh dhá mhilliún duine in Éirinn ag obair faoin mbliain 2020. Ní ar an Roinn seo amháin a leagtar an cúram fís chomh huaillmhianach leis sin a bhaint amach, arna thacú ag *An Clár Rialtais* agus éileoidh sé ní hé amháin cur chuige Rialtais uile ach cur chuige phobal uile na hÉireann chomh maith. Beidh air pobail ghnó, ceardchumainn, ár seirbhísí poiblí, lucht déanta beartais Rialtais a thabhairt le chéile lena chinntiú go mbeidh deiseanna fostaíochta ann dár saoránaigh. Is éard atá sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist* ná sraith beart a shainaithníonn an fhreagracht shoiléir agus na héilimh ó thaobh cuntasachta de. Is tús é le próiseas bliantúil a thiomáinfidh an tosaíocht do phoist ar fud an rialtais uile.

*misean*

Dá bhrí sin, an Misean ag an Roinn ná **tacú le cruthú agus caomhnú post maith trí thimpeallacht iomaíoch ghnó a fhorbairt ina mbeidh fiontair ag feidhmiú de réir chaighdeáin arda agus ina bhfásfaidh siad i margaí inbhuanaithe.**

## Ár Spriocanna

Beidh fás eacnamaíochta ag brath go mór ar go mbainfeadh Éire amach fás easpórtála. Cuirfidh ballraíocht san AE, an Margadh Aonair agus forbairt beartas trádála ar bhonn idirnáisiúnta deiseanna margaidh ar fáil d'fhiontair Éireannacha. Féadtar deiseanna mar sin a thapú i gcás go dtáirgeann gnólachtaí in Éirinn earraí agus seirbhísí, ar earraí agus seirbhísí iad atá iomaíoch mar thoradh ar phraghas níos fearr, ar dhearadh níos fearr, ar cháilíocht níos fearr agus ar mhargaíocht níos fearr. Éilíonn ár bhfiontair timpeallacht de ghó dhúchasach a thacaíonn le bunú agus fás fiontar trí cháin thacúil, rochtain ar airgeadas, córais rialála gnó atá éifeachtach, fórsa oibre oilte, caidrimh thionsclaíocha dhearfacha agus margadh éifeachtach, iomaíoch. Éilíonn siad freisin go ndéanfaí inniúlachtaí a fhorbairt chun tús áite a choinneáil i margaí dúshlánacha domhanda. Tá ról tábhachtach ag an Roinn in dhá réimse: timpeallacht ghnó oiriúnach a chruthú; agus cuidiú le fiontair barr a gcumais a bhaint amach.

Ag teacht leis an g*Clár Rialtais,* éilíonn ár misean go socróimid spriocanna uaillmhianacha dúinn féin:

*1. Ag Tacú le Fiontair*



Go mbeadh Éire ar an tír bheag is fearr le gnó a dhéanamh inti agus go bhfaighimis an tacaíocht is forleithne agus is féidir ón rialtas agus ó lasmuigh den rialtas don sprioc seo.

*2. Ag Feabhsú Iomaíochais agus na Rochtana ar Airgeadas*



Go bhfaighimis ar ais an tús áite iomaíoch is gá chun bonn is taca a thabhairt do gheilleagar rathúil,beag, oscailte.

*3. Ag Forbairt Fiontar agus Post*



Go mbainfimis amach an fás post is fearr agus is féidir go háirithe tri fhorbairt a dhéanamh ar bhonn láidir dúchasach, trí infheistíocht choigríche dhíreach a mhealladh, agus trí fhorbairt a dhéanamh ar ghréasáin trasfhiontair.

*4. Ag Méadú Easpórtálacha*



Go dtacóimis le fiontair chun targaidí dúshlánacha easpórtála a bhaint amach.

*5. Rialáil*



Go gcuirfimis ár margaí, lena n-áirítear ár margaí fostaíochta, ag feidhmiú ar bhonn níos éifeachtaí trí rialáil chliste a spreagann nuálaíocht, trí iomaíochas maith, trí chaighdeáin arda ghéilliúlachta agus cosaint do thomhaltóirí ach gan costais neamhghátaracha rialála a thabhú

*6. Nuálaíocht*



Go bhforbróimis straitéis nulálaíochta leathan chun ár bhfiontair a dhéanamh níos iomaíche.

*7. Ag Forbairt Earnálacha le Poitéinseal*



Go dtabharfaimis tosaíocht d'earnálacha ina bhfuil deiseanna agus go mbainfimis contaiscí go córasach agus go bhfobróimis beartais chumasúcháin.

Cuid ríthábhachtach de bhaint amach na spriocanna thuas ná muinín a atógáil bunaithe ar chlár stuama de leasuithe eacnamaíochta. Ar na dúshláin don lucht déanta beartais tá cinnteacht agus cobhsaíocht fheabhsaithe a chothú d'fhonn tionchar a imirt ar athbhunú muiníne agus meoin i measc tomhaltóirí.

Chun críche an tuairiscithe buiséid cuirfear ár spriocanna i bhfeidhm agus déanfar tuairisciú ina leith trí 3 cinn de chláir oibríochtúla airgeadais, eadhon:

- Forbairt Post agus Fiontar,
- Nuálaíocht, agus
- Rialáil.

Cuirfear i bhfeidhm clár lárnach ar leithligh chun a chinntiú go reáchtálfaimid Uachtaránacht éifeachtach, tíosach ar an AE sa chéad leath den bhliain 2013.

## Ár nDúshlán

Ceapadh na spriocanna uaillmhianacha seo chun go bhféadfadh ár ngeilleagar an t-athrú tábhachtach a dhéanamh agus chun téarnamh stuama a thógáil. Ba mhór an tionchar a bhí ag cliseadh an mhargaidh tithíochta ar an ngeilleagar dúchasach agus díláithríodh fostaithe, thit tuarastail, tháinig ualach mór fiachais chun cinn, cuireadh brú millteach ar airgeadas poiblí, agus tharla easpa rochtana ar chreidmheas, agus tá a n-iarmhairtí le sonrú anois. Ní foláir dúinn ár ngeilleagar a athrú ó bhonn agus gluaiseacht i dtreo réimsí nua deiseanna.

Tharla feabhas suntasach i roinnt réimsí iomaíochais, ach is gá dul chun cinn a dhéanamh agus a dhaingniú trí dhul i ngleic leis na réimsí laige atá fanta trí leasuithe margaidh, rialáil níos cliste, infheistíocht straitéiseach i mbonneagar tábhachtach agus trí ghníomhaíochtaí tras-rialtais.

*ag tacú le fiontraíocht*

Dhún an iliomad gnóthaí agus tá a lán eile ag streachailt leo. I gcomhthráth leis seo, thit an líon gnóthaí nuabhunaithe go mór le linn an chúlaithe eacnamaíochta. Is gá dúinn daingniú a dhéanamh ar an timpeallacht do ghnóthaí nuabhunaithe agus gach rud atá indéanta a dhéanamh ar a son chun an seans is fearr a thabhairt dóibh siúd atá i mbun gnó le go mbeadh rath orthu. Aithnítear go idirnáisiúnta go gcruthaíonn fiontair nua an líon is mó post – breise is 80% de ghnáth.

Tá an timpeallacht don infheistíocht dhíreach choigríche (IDC) fanta stuama in Éirinn agus chruthaigh an timpeallacht sin croíláidreachtaí in earnálacha tábhachtacha. Ní féidir glacadh leis go mbeidh Éire mealltach i gcónaí ó thaobh IDC de agus mar sin caithfear feabhas a chur air go leanúnach. Is gá dúinn freisin an tionchar ag IDC ar an ngeilleagar dúchasach a dhoimhniú agus daingniú a dhéanamh ar sheasamh na gceannairí Éireannacha i gcuideachtaí Ilnáisiúnta chun tacú leo deiseanna straitéiseacha a bhuachan d'Éirinn.

*tús áite do fhiontair dhúchasacha*

Caithfidh gnóthaí dúchasacha a dhéanann easpórtáil a bheith mar inneall an fháis eacnamaíochta agus na fostaíochta trí nuálaíocht agus éagsúlú na margaí. De ghnáth bíonn tionchar níos mó ar gheilleagar na hÉireann ag easpórtálacha a dhéanann gnóthaí dúchasacha ná mar a bhíonn ag na heaspórtálacha a dhéanann cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach sa mhéid go mbíonn naisc níos forleithne ag na gnóthaí dúchasacha leis an ngeilleagar i gcoitinne.

Sa mhéid go bhfuil an t-éileamh dúchasach lag faoi láthair beidh tábhacht níos mó ag baint le heaspórtálacha inár dtéarnamh. Tá fás láidir ar easpórtálacha ach is gá súil a bheith againn ar fhás gasta marthanach sa sciar margaidh Éireannaigh, agus daingniú ar ár láithreacht i margaí éiritheacha áit a mbeidh an fás eacnamaíochta agus an t-éileamh is láidre. Caithfimid a chinntiú go ndéanfaidh fiontair easpórtáil den chéad uair agus go n-aimseoidh easpórtálaithe atá ann cheana féin margaí nua le heaspórtáil chucu agus mar thoradh air sin go méadóidh táirgeadh agus seirbhísí.

Tá áit ar leith ag Éirinn i gcás raon deiseanna earnálacha a bhfuil sárphoitéinseal ag baint leo don fhás. Is gá dúinn díriú ar na príomhearnálacha, agus tá géarghá sainaithint a dhéanamh ar chonstaicí agus na constaicí sin a bhaint, ar constaicí iad a bheadh i mbealach

na ndeiseanna, agus forbairt is feidhmiú a dhéanamh ar bheartais riachtanacha chun torthaí a fháil ar na deiseanna sin.

Tá an nuálaíocht lárnach don téarnamh. D'éirigh le hÉirinn tógáil ar bhunchloch an tsaineolais taighde ina coláistí agus ina braislí teicneolaíochta. Is gá anois sochar a bhaint as an bhfoinse nuálaíochta seo le forbairt fiontar agus an rogha earnálacha le deiseanna a thiomáint. Ní féidir léirmhíniú róchúng a dhéanamh ar nuálaíocht in Éirinn. Thóg a lán de na fiontair is rathúla a dtús áite amach trí mheán na nuálaíochta sa dearadh, sa mhargaíocht, i soláthar seirbhíse agus sa bhainistíocht. Tá gá ag Éirinn leis an gcineál sin nuálaíochta chun feidhmíocht eacnamaíochta a athrú chun feabhais.

Timpeallacht mhaith rialála sin timpeallacht ina gcothaítear géilliúlacht d'ardchaighdeáin agus do chaidreamh cuiditheach ar an láthair oibre, timpeallacht ina n-íoslaghdaítear costais ghéilliúlachta nach bhfuil gá leo agus timpeallacht a chuireann faoiseamh gasta, éifeachtach ar fáil i gcás teipeanna, agus is féidir leis an gcineál sin timpeallachta tús áite iomaíoch a chruthú ann féin. Go dtí seo, san iarracht chun deireadh a chur le ró-oifigiúlachas in Éirinn, díríodh tríd is tríd ar laghdú na n-ualach riaracháin. Anois caithfear díriú ar chostais ghéilliúlachta a laghdú trí shamhlacha nua na rialála cliste.

*muinín a thabhairt ar ais*

Is i gcomhthéacs na ndúshlán sin atá fís nua dár dtochtaí eacnamaíochta á chruthú againn. Caithfidh fiontair a bheith ag croílár na físe sin. Caithfidh an fhís a bheidh bunaithe ar nuálaíocht, ar iomaíochas, agus ar an timpeallacht is fearr agus is féidir d'fhiontair chun fostaíocht a chruthú. Mar bhonn is mar thaca ag ról ár Roinne beidh gréasáin fheabhsaithe ar fud na Roinne, ár bpáirtithe leasmhara agus ár bhfiontar.

Bíonn an mhuinín leochaileach ach bíonn sí ríthábhachtach don dul chun cinn eacnamaíochta. Tá an-dochar déanta don mhuinín a bhí ag tomhaltóirí Éireannacha as fiontair Éireannacha. Téama lárnach inár n-iarrachtaí mar sin ná a léiriú go mbeidh bonn maith leis an muinín i ngeilleagar na hÉireann agus mbeidh sí fréamhaithe i mbeartais dhiongbháilte chun ár láidreachtaí eacnamaíochta a atógáil.

Léireoimid an cumas bearta coincréiteacha a chur i bhfeidhm a chuideoidh le baint amach ár misin ó thaobh post de. Mar bhonn le gach ceann dár spriocanna beidh sraith de bheartais ghníomhacha agus de phleananna feidhmithe. Tá roinnt idir lámha cheana féin. I gcás roinnt eile déanfaimid iad a fhorbairt agus muid ag cur i bhfeidhm na straitéise seo sna blianta beaga amach romhainn, agus déanfar iad a chur in oiriúint do na cúinsí a bheidh i réim.

## 2. Ag Tacú le Fiontair

Chun an geilleagar fiontar a thógáil agus chun poist a chruthú beidh gá le cur chuige Rialtais uile. Mar sin, le go mbeidh rath ar an Roinn ina misean foriomlán, ag tacú leis an gclár oibre d'fhiontair trí roinnt cur chuige atá bunaithe ar fhianaise, beidh gá tionchar agus stocaireacht a bheith ag croílár ár róil ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

*ár sprioc chun tacú le fiontair*

An sprioc straitéiseach cláir i gcás na sprice *Ag Tacú le Fiontair* ná **go mbeadh Éire ar an tír bheag is fearr le gnó a dhéanamh inti agus go bhfaighimis an tacaíocht is forleithne agus is féidir ón rialtas agus ó lasmuigh den rialtas don sprioc seo.**

*ag imirt tionchair ar fud an rialtais*

Leanfaidh an Roinn ag cur i bhfeidhm a cláir de dhian-rannpháirtíocht le Ranna eile ar raon saincheisteanna ar fud an Rialtais a bheidh lárnach do rath na Straitéise seo. Táimid ag

obair faoi láthair, agus leanfaimid ag obair, ar phríomhchuspóirí a bhfuil ról ceannaireachta againne lena n-áirítear: deiseanna post a chruthú; cearta fostaíochta agus caidrimh ar an láthair oibre; laghdú ar ualach an ró-oifigiúlachais sa ghnó; tacaí d'fhiontair; na cláir oibre taighde agus nuálaíochta; feabhas a chur ar dheiseanna earnála agus dul ar a dtóir; beartas trádála; agus dúshláin iomaíochais. Cuirfimid comhairle ar fáil agus glacfaimid páirt réamhghníomhach i gcláir oibre eile ar fud an Rialtais lena n-áirítear: scileanna lárnacha d'earnálacha fáis; rochtain ar airgeadas do ghnóthaí; an timpeallacht fhioscach a bhfuil tionchar aici ar ghnóthaí; an clár AE/CAI; rialachas corparáideach agus saincheisteanna spriocdhírithe dlí a bhfuil tionchar acu ar ghnó; costais uisce, fuinnimh agus leathanbhanda agus bonneagar; agus gan amhras gnóthaí AE agus a chinntiú go n-éireoidh go maith le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Forbróimid tagarmharcanna agus clocha míle chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na sprice de bheith ar an áit is fearr gnó a thosú agus a rith. Oibreoimid freisin trí Choistí Comh-aireachta agus trí na struchtúir atá bunaithe ar an *bPlean Gníomhaíochta Bliantúil do Phoist*.

*gréasánú agus ag imirt tionchair ag leibhéal an Aontais Eorpaigh & ag an leibhéal Idirnáisiúnta*

Tá an Rialtas tiomanta de leanúint ag athnuachan agus ag tabhairt chun beatha athuair rannpháirt na hÉireann ag leibhéal institiúidí an AE agus lenár bpáirtithe san AE. Tá ról tábhachtach againn maidir leis seo i bhfianaise ról ceannaireachta agus comhordaithe ár Roinne i ndáil le hiomaíochas san AE, Gnóthaí Sóisialacha agus Comhairlí Lucht Trádála agus ionadaíocht ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) agus an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Beidh orainn a chinntiú go dtacóimid go cuimsitheach lenár nAirí agus iad ag baint amach torthaí ar bheartais dhúchasacha agus ar bheartais an AE a thacaíonn leis an gclár oibre fiontar.

Cuirfidh Uachtaránacht rathúil ar an AE sa bhliain 2013 deis ar fáil d'Éirinn ní hé amháin an clár oibre a mhúnlú ach a chinntiú freisin go mbeidh áit lárnach ag saincheisteanna a bhaineann le fiontair chun cuidiú cáil na hÉireann a atógáil ar fud an AE. Mar thoradh ar an Uachtaránacht beidh i bhfad níos mó éilimh ar an Roinn agus ar cumas tacú go cuí le seirbhísiú agus comhordú struchtúir an AE agus na bhfóram idirnáisiúnta eile.

Seo a leanas achoimre ar na bearta gaolmhara chun tacú lenár sprioc *Ag Tacú le Fiontair*:

**Ag Tacú le Fiontair – Sprioc Straitéiseach Cláir:** ***go mbeadh Éire ar an tír bheag is fearr le gnó a dhéanamh inti agus go bhfaighimis an tacaíocht is forleithne agus is féidir ón rialtas agus ó lasmuigh den rialtas don sprioc seo.***

| | *Gníomhaíocht* | *Torthaí Inmhianaithe* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Amscála* |
|---|---|---|---|---|
| **2.1** | **Plé le Ranna Rialtais eile agus le fóraim Rialtais maidir leis an gclár oibre fiontar** | Bearta déanta ar fud an Rialtais chun ár misean a bhaint amach | Dul chun cinn i gcoinne an chláir de rannpháirtíocht dhéthaobhach mar atá sonraithe thuas<br>Tionchar éifeachtach ar bheartais<br>Comhordú éifeachtach ar fud an Rialtais maidir leis an Margadh Aonair agus Seirbhísí | 2012-2014 |
| | **Déanfaimid forbairt ar phleananna a bhrúfaidh chun tosaigh roinnt de na gealltanais a tugadh sa Chlár Rialtais a** | Dul chun cinn bainte amach ar na gealltanais seo a leanas sa Chlár Rialtais (féach Aguisín)<br>• CR 9, maidir le feidhmiú na nuálaíochta | Pleananna forbartha & aontaithe le heagraíochtaí eile rialtais<br>Ionchur soláthartha ag páirtithe leasmhara | 2012<br>2012-2014 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **éilíonn tacaíocht agus comhordú tras-rialtais** | teicneolaíche in earnálacha seanbhunaithe den gheilleagar;<br>• CR 16 maidir le forbairt Aitheantóra Uathúla Gnó le húsáid ag gach roinn agus gníomhaireacht rialtais;<br>• CR 17 maidir le struchtúir nua atá ina gceangail dlí do phleananna fiachais tráchtála;<br>• CR 21 maidir le cur chun cinn tuiscint fheabhsaithe ar an tsamhail chomhoibritheach seachas samhail eagraíochtúil;<br>• CR 24 maidir le forbairt earnála d'fhiontair shóisialta atá fuinniúil, éifeachtach;<br>• CR 25 a bhaineann le rialachas corparáideach maith a chinntiú; agus<br>• CR 26 a bhaineann le daingniú a dhéanamh ar an reachtaíocht don rialachas corparáideach agus an reachtaíocht sin a fhorfheidhmiú. | eile tras-rialtais ag teacht le pleananna | |
| **2.2** | **Tacú le hAirí sa phlé atá acu le Coistí Comh-aireachta, leis an Oireachtas, le institiúidí an AE agus le fóraim idirnáisiúnta eile** | Torthaí ar bheartais dhúchasacha agus ar Bheartais an AE ag tacú leis an gclár oibre fiontar | Páirt á ghlacadh ag céim luath ag na hAirí i ndéanamh beartas san AE | 2012-2014 |
| **2.3** | **Obair leis an AE, EDT, EIS, EDMI agus ECFE agus le fóraim idirnáisiúnta eile maidir le saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar gheilleagar fiontar na hÉireann** | Go mbeadh leas na hÉireann curtha san áireamh agus go mbeadh sin le sonrú i gcinntí idirnáisiúnta | Ceanglais don trasuíomh agus don tuairisciú comhlíonta go hiomlán, tráthúil<br>Ionadaíocht éifeachtach ag Éirinn | 2012-2014 |
| **2.4** | **Ionchur láidir in Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2013** | An clár oibre iomaíochais agus fiontar curtha chun cinn<br>Téamaí tosaíochta aontaithe don Uachtaránacht<br>Dul chun cinn déanta ar an bpróiseas ath-rannpháirtíochta leis an AE | Tosaíochtaí AE na Roinne curtha chun cinn<br>Aiseolas dearfach ar chion na Roinne maidir le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2013 (róil tosaíochta RPFN, Roinn an Taoisigh, RBTT) | 2012-2013 |
| **2.5** | **Leas a bhaint as deiseanna taighde & nuálaíochta an AE** | Rannpháirtíocht láidir ag taighdeoirí na hÉireann agus ag fiontair na hÉireann ar thionscadail idirnáisiúnta taighde<br>Uasfhónamh bainte as deiseanna do chóras taighde na hÉireann agus páirt glactha ag fiontair i gcomhthaighde ardchaighdeáin le contrapháirtithe Eorpacha | Leibhéal na rannpháirtíochta ag taighdeoirí agus fiontair Éireannacha ar thionscadail idirnáisiúnta taighde | 2012-2014 |

## 3. Ag Feabhsú Iomaíochais agus na Rochtana ar Airgeadas

*ár láidreachtaí iomaíocha*

Bíonn fás inbhuanaithe eacnamaíochta ag brath ar go gcoinneofaí iomaíochas náisiúnta. Tá iomaíochas na hÉireann ina phríomh-chinntitheach inár gcumas earraí agus seirbhísí a dhíol i margadh domhanda agus chun infheistíocht isteach a mhealladh. I dtéarmaí iomaíochas

na bhfiontar in Éirinn, áirítear i measc na bpríomhláidreachtaí:

- Fórsa oibre oilte, in-oiriúnaithe, cultúr láidir fiontraíochta agus nuálaíochta agus tacaíocht ó dhiaspóra na hÉireann,
- Timpeallacht fhabhrach chánachais, creat láidir trédhearcach rialála, creat láidir dlí don mhaoin intleachtúil, ualaí ísle ó thaobh riaracháin a bhaineann le trádáil, ballraíocht den AE,
- Teist mhaith go dtí seo i mealladh mórchuideachtaí ilnáisiúnta an domhain agus earnáil láidir d'fhiontair dhúchasacha,
- Teist mhaith go dtí seo ar cheann de na tíortha is fearr ar domhan d'éascacht gnó nua a bhunú, agus
- Cáil idirnáisiúnta ag dul i méid ó thaobh fheabhas an taighde agus na forbartha.

*dúshláin*

D'ainneoin na mbuntáistí seo, i measc ár bpríomhdhúshlán tá siad seo a leanas:

- Feabhas a chur ar iomaíochas agus ar tháirgiúlacht na gcostas struchtúrach,
- Cur le nuálaíocht, go háirithe i FBManna, agus
- Meascán láidir fiontar a fhorbairt i.e. punann níos leithne d'earnálacha.

Má táthar chun feabhas a chur ar iomaíochas struchtúrach na hÉireann éileofar iarracht ón Rialtas uile. Ar na gcur chuige ríthábhachtach tá go mbeadh ról ceannaireachta ag an Roinn i ngníomhaíochtaí tras-rialtais ag tacú le feabhsú an iomaíochais agus ag imirt tionchair ar fheabhsúcháin ag leibhéal an AE agus ar fhóraim idirnáisiúnta eile.

*tá rochtain ar airgeadas ríthábhachtach*

Ta rochtain ar airgeadas ríthábhachtach d'fhorbairt earnála d'fhiontair láidir dhúchasacha agus filleadh ar fhás sa gheilleagar dúchasach. Sa timpeallacht reatha airgeadais ar bhonn náisiúnta agus ar fud an domhain, tá srian ar an rochtain ar chreidmheas atá ag fiontair inmharthana ó thaobh na tráchtála de, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide. Na tionscnaimh ag an Roinn Airgeadais chun athstruchtúrú agus athchaiptiliú a dhéanamh ar an gcóras baincéireachta, sin an phríomhfhreagairt ag an rialtas chun creidmheas a sholáthar. Dearadh na tionscnaimh seo chun sruth imleor creidmheasa a sholáthar chun tacú leis an téarnamh eacnamaíochta. Tá an Roinn seo ag obair freisin ar scéimeanna spriocdhírithe chun tacú leis na bearta sin.

*ár sprioc maidir le feabhas a chur ar iomaíochas*

An sprioc straitéiseach cláir i gcás na sprice *Ag Feabhsú Iomaíochais agus na Rochtana ar Airgeadas* **ná go bhfaighimis ar ais an tús áite iomaíoch is gá chun bonn is taca a thabhairt do gheilleagar rathúil, beag, oscailte.**

Déanfaimid monatóireacht ar bhearta agus tacóimid leo lena n-áirítear moltaí iomchuí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais i ndáil le dúshláin ríthábhachtacha iomaíochais ar fud an Rialtais. Cuirfimid chun cinn margaí iomaíocha ar fud na seirbhísí atá riachtanach do ghnó agus tacóimid le rialáil níos cliste. Áireoidh seo de ghnáth bheith ag obair le gníomhaireachtaí eile, ach inár sainréimse féin cinnteoimid go mbeidh meicníochtaí socraithe pá ina meicníochtaí sofhreagracha, solúbtha, cothroma agus atá oiriúnach don fheidhm.

Ionas go mbeidh rath orainn i mbaint amach an chuspóra feabhas a chur ar iomaíochas beidh gá le raon beart chun tacú lenár spriocanna. Mar thoradh ar thacú le cláir forbartha fiontar cuirfear le táirgiúlacht ag leibhéal an fhiontair, ag cinntiú margadh cothrom,

iomaíoch, ag tacú le rialáil níos fearr gnó, agus ag spreagadh timpeallacht shláintiúil ghnó – seo roinnt de na gníomhaíochtaí a bhfuil cur síos orthu faoinár spriocanna straitéise níos déanaí, ar gníomhaíochtaí iad a chuirfidh chun cinn ár n-uaillmhianta d'fheabhsú an iomaíochais. Mar sin, áirítear i rannóga eile den straitéis seo na bearta gaolmhara arna lua thuas.

Cuirfimid chun cinn freisin infhaighteacht creidmheasa imleoir do ghnóthaí inmharthana d'fhonn iad a choinneáil, chun poist a chruthú agus chun cuideachtaí a fhairsingiú trí infheistíocht agus nuálaíocht.

An aidhm againn ná go bhfeabhsóidh na táscairí iomaíochais sa tábla seo a leanas. Tá achoimre ann freisin ar na bearta gaolmhara chun tacú le feabhsú na rochtana ar chreidmheas:

**Ag Feabhsú Iomaíochais agus na Rochtana ar Airgeadas – Sprioc Straitéiseach Cláir:** ***go bhfaighimis ar ais an tús áite is gá chun bonn is taca a thabhairt do gheilleagar rathúil, beag, oscailte***

| | *Gníomhaíocht* | *Torthaí Inmhianaithe* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Amscála* |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | **Trínár gcláir agus ár gcaidreamh le Ranna Rialtais eile béim a leagan ar phríomhdhúshláin iomaíochais a éilíonn dul i ngleic le moltaí spriocdhírithe na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais** | Cost-iomaíochais struchtúrach agus táirgiúlacht fheabhsaithe<br><br>Moltaí cuí an CNI ar dhúshláin ríthábhachtacha iomaíochais curtha i bhfeidhm | Ranguithe iomaíochais IMD & WEF<br><br>Treoir Chuíchóirithe Iomaíochais (HCI) (Iarbhír & Ainmniúil)<br><br>Athrú ar Phríomhchostais Inrialaithe Gnó<br><br>Leibhéil Táirgiúlachta (mar atá tomhaiste ag OTI in aghaidh na huaire oibrithe)<br><br>Dul chun cinn i gcoinne mholtaí CNI | 2012-2014 |
| 3.2 | **Dul chun cinn a dhéanamh ar achtú na reachtaíochta a thabharfaidh éifeacht don chlár oibre leasuithe do Chomhchoistí Saothair (CCSanna)** | Go mbeadh meicníochtaí socraithe pá sofhreagrach, solúbtha, cothrom agus oiriúnach don fheidhm | Reachtaíocht achtaithe agus i bhfeidhm<br><br>Meicníochtaí nua ag teacht le hionchais | 2012 |
| 3.3 | **Dul chun cinn ar ghníomhaíochtaí leathana faoin Straitéis seo a fheabhsóidh iomaíochas** | Iomaíochas feabhsaithe ag eascairt ó chur i bhfeidhm éifeachtach na Straitéise | Leibhéal fheidhmiú na ngníomhaíochtaí feabhsúcháin iomaíochais atá sonraithe sa Straitéis seo | 2012-2014 |
| 3.4 | **Scéim Shealadach Ráthaíochta Pháirt-chreidmheasa a thabhairt isteach** | Leibhéil mhéadaithe de chreidmheas ar fáil d'fhiontair tá inmharthana ó thaobh na tráchtála de agus atá ag feidhmiú go maith, laistigh de raon na scéime seo, ar fiontair iad a bhfuil plean stuama gnó acu agus margadh sainithe dá dtáirgí nó dá seirbhísí | Aiseolas ón tionscal<br><br>Critéir rathúlachta na Scéime | 2012 |
| 3.5 | **Saineolas faoi FBM a thógáil i mbainc trí chaidreamh le FÉ** | Inniúlacht fheabhsaithe na mbanc chun tuiscint a bheith acu ar shamhlacha gnó agus bainistiú a dhéanamh ar chustaiméirí gnó<br><br>Seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí agus moill laghdaithe ag freagairt na n-iarratas ar chreidmheas | Leibhéil mhéadaithe de chreidmheas ar fáil d'fhiontair atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de | 2012 |
| 3.6 | **Ciste Fairsingithe Post FÉ** | Tuilleadh post i gcuideachtaí FÉ | Spriocanna an chiste á mbaint amach | 2012-2014 |
| 3.7 | **Cuideachtaí a Fhás de réir Scála** | Cuideachtaí dúchasacha á bhfás de réir scála | Líon na gcuideachtaí ag fás de réir scála | 2012-2014 |
| 3.8 | **Scéimeanna Nua Caipitil chun fiontair a mhaoiniú** | Maoiniú imleor ar fáil ag céim luath agus ag céim an fhairsingithe d'fhiontair lena n-áirítear fiontair nach dtagann faoi raon | Glacadh na leaganacha nua de Scéimeanna Dreasachta Síolchaipitil agus | 2012 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | straitéis infheistíochta na gcistí caipitil fiontair | Fostaíochta agus Infheistíochta<br><br>Leibhéal na gcaipitlithe atá ag lonnú agus ag infheistiú in Éirinn<br><br>Tabhairt isteach tionscnamh nua Forbartha Caipitil | |
| 3.9 | **Ciste Micreamhaoiniúcháin a thabhairt isteach** | Rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú do mhicrifhiontair ar fud na n-earnálacha uile atá trádáilte go háitiúil de réir chritéir an Chiste | Bunú/forbairt micrifhiontar faoin gciste | 2012 |

## 4. Ag Forbairt Fiontar agus Post

Baineann an pobal sochar as fiontair atá faoi bhláth trí fhás inbhuanaithe a sholáthar, trí phoist inbhuanaithe a chruthú, agus trí chaighdeáin mhaireachtála a fheabhsú.

Tá an beartas fiontar in Éirinn spriocdhírithe chun timpeallacht thacúil a sholáthar do gach gnó cibé acu an bhfuil an gnó sin trádáilte go háitiúil nó ag easpórtáil. Áiríonn sé soláthar tacaí díreacha agus indíreacha, i gcomhréir le rialacha Cúnaimh Stáit an AE, chun fiontair a chruthú, a mhealladh agus a fhás, bídís ag easpórtáil nó le poitéinseal bheith ag easpórtáil.

*ár ngníomhaireachtaí agus a ndéanann siad*

Tá ról lárnach ag an Roinn i dtacú le fiontair in Éirinn agus cuidítear leis an Roinn maidir leis seo trí mheán gníomhaireachtaí forbartha fiontar, lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann (FÉ), ÚFT Éireann, na Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus Forbairt Shionainne. Tá ról tábhachtach ag Forfás freisin i soláthar anailíse beartais, comhairle agus tacaíochta i ndáil le fiontar, trádáil, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht. Tá obair Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) ina bhonn is taca do ghníomhaíochtaí cruthaithe post FÉ agus an ÚFT. Cuireann an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) na réamhriachtanais ar fáil do bhonneagar éifeachtach, tíosach náisiúnta trádála trí sheirbhísí méadreolaíochta, caighdeánaithe agus deimhniúcháin a sholáthar. Malartaíonn Idirthráchtáil Éireann, an foras feidhmithe Thuaidh/Theas, eolas agus comhordaíonn obair ar thrádáil, ar fhorbairt gnó agus ar chúrsaí gaolmhara, i réimsí aontaithe comhleasa. Tá ról tábhachtach aige i méadú líon na bhfiontar atá i mbun na trádála trasteorann agus na forbartha gnó, i mbunú gréasáin ghnó uile-oileáin agus i gcruthú post nua.

Díríonn na gníomhaireachtaí forbartha, cliantghrúpaí a bhfuil micrifhiontair agus cuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha ina measc, ar na cuspóirí leathana seo a leanas:

- fiontraíocht agus gnóthaí nuabhunaithe a chothú,
- infheistíocht a chur chun cinn,
- easpórtálacha a chur chun cinn, agus
- feabhsú ar tháirgiúlacht, nuálaíocht, inniúlacht bainistíochta agus iomaíochas na ngnólachtaí dúchasacha agus na gcuideachtaí coigríche araon atá lonnaithe in Éirinn.

Is ionann an líon daoine atá fostaithe i gcliantchuideachtaí FÉ agus 141,228 duine atá fostaithe go lánaimseartha agus 21,464 duine atá fostaithe go páirtaimseartha/sealadach, agus i gcliantchuideachtaí ÚFT agus 130,499 duine atá fostaithe go lánaimseartha agus 15,379 duine atá fostaithe go páirtaimseartha/sealadach (Suirbhé Bliantúil Fostaíochta

Fhorfás, 2011 – Cliantchuideachtaí FÉ & ÚFT). Is ionann an caiteachas geilleagair in Éirinn (párolla agus ceannach ábhar agus seirbhísí Éireannacha) a dhéanann cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí faoi úinéireacht choigríche agus €17 billiún agus €18 billiún faoi seach (Forfás, ABSEI 2010).

*ár sprioc d'fhorbairt fiontar agus post*

An sprioc straitéiseach cláir d'Fhorbairt Fiontar agus Post ná **go mbainfimis amach an fás post is fearr agus is féidir go háirithe trí fhorbairt a dhéanamh ar bhonn láidir dúchasach, trí infheistíocht choigríche dhíreach a mhealladh, agus trí fhorbairt a dhéanamh ar ghréasáin trasfhiontair.**

*ár bhfócas*

Bainfimid amach ár sprioc trí chuidiú le forbairt FBManna na hÉireann, trí earnáil an ICD a mhealladh agus a fhorbairt; agus trí thacú le forbairt na fiontraíochta agus earnáil an ghnó bhig.

*príomhspriocanna*

I gcás cliaint FÉ (2011 go 2013): díolacháin iomlána easpórtálacha dar luach €15.5 billiún; 28,000 post nua iomlán; 285 Gnó Nua Nuálach Ardfeidhmíochta; 225 Cliant ag baint amach díolacháin bhliantúla de €20m; agus méadú 20% ar bhreisluach in aghaidh an fhostaí.

I gcás ÚFT Éireann faoina straitéis Horizon 2020 (faoi 2014): 105,000 post nua agus den líon sin go mbeadh 62,000 duine i bhfostaíocht dhíreach; 640 Infheistíocht Úrnua nó Fairsingithe; 50% de thionscadail ICD le bheith lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh; 20% d'infheistíochtaí Úrnua le teacht ó mhargaí éiritheacha ardfháis; agus €1.7 billiún d'infheistíocht i F&IT in aghaidh na bliana ag cliantchuideachtaí. Beidh gá le tacaíocht leanúnach ónár nGníomhaireachtaí chun an méid thuasluaite a bhaint amach.

*príomhthionscnaimh*

Tá breacléargas sa tábla seo a leanas ar na táscairí feidhmíochta do phríomhthionscnaimh faoin gclár seo:

**Ag Forbairt Fiontar agus Post –** Sprioc Straitéiseach Cláir**:** ***go mbainfimis amach an fás post is fearr agus is féidir go háirithe trí fhorbairt a dhéanamh ar bhonn láidir dúchasach, trí infheistíocht choigríche dhíreach a mhealladh, agus trí fhorbairt a dhéanamh ar ghréasáin trasfhiontair***

| | *Gníomhaíocht* | *Torthaí Inmhianaithe* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Amscála* |
|---|---|---|---|---|
| **4.1** | **Tacú leis an soláthar a dhéanann Gníomhaireachtaí Fiontar d'fhiontair dhúchasacha agus obair chun feabhas a chur ar a n-éifeachtacht** | Méadú ó scála a dhéanamh ar fhiontair dhúchasacha chun go mbeadh láithreacht dhomhanda mhargaidh acu | Líon agus Luach na nEaspórtálacha Éireannacha<br>Spriocanna post na ngníomhaireachtaí bainte amach agus spriocanna nua i ndiaidh 2013 a bheith aontaithe leis an Roinn<br>Spriocanna GNAF bainte amach (e.g. 100 GNAF faoin mbliain 2013) | 2014 |
| **4.2** | **Tús áite a tabhairt do chláir na ngníomhaireachtaí fiontar ar cláir iad a chuidíonn le fiontair feabhas a chur ar a n-iomaíochas** | Bonn costais feabhsaithe do ghnóthaí agus méadú ar líon na ndíolachán<br>Glacadh níos mó ar chleachtais na hearnála fiontar ar cleachtais iad a chuireann le táirgiúlacht ag leibhéal an ghnólachta | Breisluach, Láimhdeachas & Brabúsacht i measc chliaint na ngníomhaireachtaí (Forfás, ABSEI)<br>Leibhéal ghlacadh méadaithe na gclár lena n-áirítear clár socrúcháin do chéimithe, an Ciste Iomaíochais, LEAN & Six Sigma, agus spriocanna bliantúla Nuálaíochta don rannpháirtíocht le bheith buanaithe faoi gach ceann | Go dtí 2014 |
| **4.3** | **Forbairt a dhéanamh ar bhealach eolais nua ar líne atá dírithe ar riachtanais ghnó na bhfiontar** | Áis thiomnaithe don earnáil fiontar ag leagan amach na bpríomhthacaí eolais, airgeadais agus cánachais atá ar fáil do ghnóthaí ó gach | Feidhmiú FÉ<br>Aiseolas ó úsáideoirí<br>Rátaí úsáide | 2013 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Gníomhaireacht Rialtais Éireannach | | |
| **4.4** | **Coinneoimid agus meallfaimid tionscadail ardchaighdeáin d'Infheistíocht Choigríche Dhíreach go hÉirinn trí thacú le Straitéis Horizon 2020 de chuid ÚFT Éireann** | Leanfaidh Éire de bheith ar an suíomh lárnach don ICD, de bheith ina shuíomh mhealltach do ICD ag cuideachtaí idirnáisiúnta amach anseo atá ag féachaint lena ndianlínte eolais ghnó a fhairsingiú in earnálacha a bhfuil níos mó tábhachta leo anois<br>Déanfaimid monatóireacht ar chur i bhfeidhm Straitéis Horizon 2020 de chuid ÚFT Éireann | Cur i bhfeidhm Horizon 2020 de chuid ÚFT Éireann, agus mar phríomhaidhmeanna aige na nithe seo a leanas a bhaint amach faoin mbliain 2014:<br>• 105,000 post nua (agus as an líon 62,000 post le bheith san fhostaíocht dhíreach)<br>• 640 Infheistíocht Úrnua nó Fairsingithe<br>• 50% de thionscadail ICD nua a bheith lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus de Chorcaigh<br>• 20% d'infheistíochtaí úrnua le teacht ó mhargaí ardfháis éiritheacha<br>• €1.7 billiún infheistithe in TF&N in aghaidh na bliana ag cliantchuideachtaí | Go dtí 2014 |
| **4.5** | **Meastóireacht na Roinne agus Fhorfás ar Chláir Tacaíochta Fiontar agus socrú spriocanna nua chun tacú leis an Straitéis seo** | A chinntiú go mbaineann na cláir thacaíochta amach na cuspóirí sainithe<br>Go scorfaí de chláir nach bhfuil ag freastal ar riachtanais na bhfiontar a thuileadh nó go ndéanfaí athdhíriú ar na cláir sin<br>Méadrachtaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar bheartas agus ar fheidhmiú | Roinnt meastóireachtaí i gcrích<br>Pleananna agus spriocanna nua aontaithe leis an Roinn | 2014 |
| **4.6** | **Tacú le hobair an Ghrúpa Chomhairligh do Ghnóthaí Beaga** | Moltaí curtha i bhfeidhm a mhéid is féidir | Tuarascála agus Anailís an Ghrúpa curtha i gcrích | Go dtí 2012 |
| **4.7** | **Próisis agus cláir a fhorbairt atá dírithe ar fhiontraithe agus ar ghnóthaí beaga** | An leas is fearr a bhaint as forbairt eacnamaíochta agus as an bpoitéinseal fáis post in earnáil an ghnó bhig<br>Feabhas curtha ar ghníomhaíochtaí sna FBManna agus iad forbartha | Líon daoine fostaithe i FBManna<br>Fás ghníomhaíochtaí na FBM e.g. díolacháin, infheistíocht, easpórtálacha<br>Torthaí ó Chlár Fáis Fhiontraíocht Éireann, próiseas cuíchóirithe idir Fiontraíocht Éireann agus na BFCanna, an Ciste Micreamhaoiniúcháin agus Athstruchtúrú na BFCanna. | 2012-2014 |
| **4.8** | **Feabhas a chur ar rochtain FBM ar Sholáthar na hEarnála Poiblí** | Tiomáinfidh an Roinn an próiseas le feabhas a chur ar an rochtain atá ag FBManna ar dheiseanna in earnáil an tsoláthair phoiblí.<br>Go mbeadh constaicí sa phróiseas soláthair do FBM sáraithe | Líon na FBManna páirteach i gconarthaí poiblí<br>Cur i bhfeidhm an Chláir nua soláthair nuálaíochta.<br>Cur i bhfeidhm na ndeiseanna fochonraitheoireachta do FBManna ar mhórchonarthaí poiblí | 2012 |
| **4.9** | **Plean Bliantúil Gníomhaíochta do Phoist** | Clár de bhearta soiléire le cur i bhfeidhm ar fud an Rialtais chun go gcosnófaí agus go gcruthófaí a mhéid post agus is féidir | Cur i bhfeidhm an Phlean go luath sa bhliain 2012<br>Pleananna agus spriocanna arna leagan amach sa Phlean | Pleananna Bliantúla ó<br>2012 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.10 | **An Nasc-Thionscnamh** | Cuirfear ar bun tionscnamh nua idir ÚFT agus FÉ chun cur leis na caidrimh agus na gréasáin idir earnáil na gcuideachtaí ilnáisiúnta agus earnáil na bhfiontar dúchasach | Anailís ar chuideachtaí ICD leabaithe go daingean sa gheilleagar<br>Forbairt an ghréasáin earnála<br>Crutha le socruithe soláthair agus fosholáthair | 2012-2014 |

## 5. Ag Méadú Easpórtálacha

Tá gá le fás arna threorú ag easpórtálacha ionas go bhfillfidh an tír ar fhás inbhuanaithe eacnamaíochta agus is gá go mbeadh seo ina chroíghné den Chlár Rialtais. An toradh ar easpórtálacha ná deiseanna inbhuanaithe post agus fás in ioncam do ghnólachtaí - ioncam a sháraíonn an méid atá ar fáil ón ngeilleagar dúchasach agus bíonn tionchar aige freisin ar fud an gheilleagair ó thaobh post agus ioncam cánach de.

*feidhmíocht láidir easpórtála*

Tá feidhmíocht easpórtála na hÉireann fanta láidir. Sa bhliain 2012 mhéadaigh easpórtálacha marsantachta faoi 4.7% chuig díreach os cionn €88 billiún, agus d'fhás easpórtálacha seirbhísí beagnach 10% chuig nach mór €74 billiún. Mar thoradh air sin, mhéadaigh na heaspórtálacha iomlána sa bhliain 2010 faoi 7.7% chuig figiúr nár sáraíodh cheana de €163 billiún. Cé nach raibh sonraí iomlána ar fáil don bhliain 2011 ag am an fhoilsithe, táthar ag réamh-mheas go mbeidh méadú measartha ar easpórtálacha don bhliain iomlán 2011, le heaspórtálacha seirbhísí ag feidhmiú go láidir athuair. Bheadh seo ina ghnóthachtáil shuntasach i bhfianaise na gcúinsí deacra trádála i roinnt mhaith de na príomhearnálacha. Is gá dúinn a chinntiú go dtógfaimid ar an bhfeidhmíocht seo – dúshlán mór i gcomhthéacs an gheilleagair éiginnte dhomhanda atá ann faoi láthair.

*ár straitéis d'easpórtálacha*

Sa Chlár Rialtais leagtar amach cur chuige comhtháite an Rialtais chun trádáil, turasóireacht agus infheistíocht a fhorbairt agus dearbhaítear ann roinnt spriocanna atá le baint amach faoin mbliain 2015. Ar na príomhchuspóirí tá méadú ar líon na bpost nua, ar poist iad atá bainteach go díreach le fiontair atá ag easpórtáil, faoi bhreis is 150,000, sa déantúsaíocht, turasóireacht agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, agus cruthú líon cosúil de phoist indíreacha nua. (ÚFT Éireann: 75,000; Fiontraíocht Éireann: 60,000; agus turasóireacht: 15,000).

Is gá dúinn líon na ngnólachtaí atá ag easpórtáil a mhéadú agus cur le luach na n-easpórtálacha reatha, bídís i margaí seanbhunaithe nó i margaí a bhfuil deiseanna nua iontu. Chuige seo, socraíodh sprioc de mhéadú 33% a bhaint amach i luach na n-easpórtálacha ó chuideachtaí dúchasacha a fhaigheann cúnamh ó Ghníomhaireachtaí. Ar na constaicí atá i mbealach na bhfiontar Éireannach le go mbeadh rath orthu san easpórtáil tá bacainní trádála, difríochtaí teanga agus cultúir, easpa gréasán agus teagmhálacha áitiúla, fad geografach, méid an fhiontair agus easpa acmhainní, agus easpa eolais margaidh. Is ar na heaspórtálaithe dúchasacha is mó a bhíonn tionchar ag na constaicí seo.

*ár sprioc chun easpórtálacha a mhéadú*

An sprioc straitéiseach cláir i gcás na sprice *Ag Méadú Easpórtálacha ná* **go dtacóimis le fiontair chun targaidí dúshlánacha easpórtála a bhaint amach.**

Díreoimid ar fhás mór i margaí thar lear agus beidh dlúthchaidreamh againn leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun caidrimh ghnó a thógáil leis na margaí sin. Bunaíodh an Chomhairle Trádála Easpórtálacha agus mar thoradh air sin tá fócas nua trasrialtais ann i

leith na ndúshlán a bhaineann le heaspórtálacha a thógáil agus margaí nua a oscailt.

Osclófar margaí nua trínár n-obair ar na Comhaontuithe Saorthrádála ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal idirnáisiúnta. Bainfimid leas ar ár ngréasán fairsing d'oifigí Gníomhaireachta thar lear chun cuidiú le fiontair Éireannacha sna margaí thar lear agus tacóimid le raon tionscnamh a chuideoidh le fiontraithe Éireannacha tuilleadh a easpórtáil. Braithfidh an rath ní hé amháin lenár gcuid oibre ach ar uaillmhianta agus ar inniúlachtaí na bhfiontar Éireannach bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta.

Seo a leanas na spriocanna i ndáil le héagsúlú a dhéanamh ar cheann scríbe na n-easpórtálacha dúchasacha:

- Sciar sa bhreis d'easpórtálacha bia agus dí chuig tíortha seachas an RA, ó 56% go 62%.
- Sciar sa bhreis d'easpórtálacha  chuig tíortha eile seachas an RA , ó 57% go 63%.
- Sciar sa bhreis d'easpórtálacha bia agus dí chuig an Áise, ó 4.3% go 7%.

Seo a leanas achoimre ar na bearta gaolmhara chun tacú lenár gclár *Ag Méadú Easpórtálacha*:

Ag Méadú Easpórtálacha – Sprioc straitéiseach cláir: ***go dtacóimis le fiontair chun targaidí dúshlánacha easpórtálacha a bhaint amach***

| | *Gníomhaíocht* | *Torthaí Inmhianaithe* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Amscála* |
|---|---|---|---|---|
| **5.1** | **Deiseanna a chruthú trí Chomhaontuithe Déthaobhacha Saorthrádála AE** | Margaí nua oscailte<br>Méadú ar easpórtálacha i margaí nua<br>Deiseanna breise mar thoradh ar mhargaí easpórtála nua | Ailíniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí chun leas a bhaint as na deiseanna ag eascairt ó oscailt na margaí nua<br>Nuashonrú ar Thuarascálacha Bliantúla (lena n-áirítear Gníomhaireachtaí) | 2012-2014 |
| **5.2** | **Obair leis an AE/EDT chun srianta idirdhealaitheacha trádála a bhaint** | Níos lú bacainní i mbealach na bhfiontar Éireannach ar mian leo trádáil thar lear | Taraifí níos ísle, laghdú ar bhacainní rialála, gnáthaimh chustaim níos simplí | 2012-2014 |
| **5.3** | **Margaí Fáis** | Cur leis an láithreacht agus le heaspórtálacha i margaí fáis | Cur leis an líon iomlán agus le luach na n-easpórtálacha Éireannacha (agus de réir earnála) chuig margaí sainithe fáis<br>Gníomhaíochtaí gníomhaireachta agus leibhéal na tacaíochta i margaí fáis<br>Rath FÉ in athstruchtúrú gréasáin e.g. 'aimsitheoir conaire' tomhaiste i gcoinne na gcuspóirí sonraithe<br>Dul chun cinn tuairiscithe ag cruinnithe comhchéime débhliantúla leis an Roinn | 2012-2014 |
| **5.4** | **Tacú le gníomhaíochtaí FÉ as a n-eascraíonn easpórtálaithe céad uaire agus tacú le samhail nua rannpháirtíochta agus for-rochtana do ghnóthaí nach cliaint de chuid FÉ iad** | Cur le heaspórtálacha ó ghnóthaí nach cliaint iad<br>Cur le líon na n-easpórtálaithe céad uaire | Rath an Chláir For-rochtana Easpórtála.<br>Leibhéal na rannpháirtíochta idir an Ghníomhaireacht agus gnóthaí nach cliaint iad agus ábhar easpórtálaithe céad uaire<br>Luach airgeadaíochta breise cruthaithe ag an ngníomhaireacht mar atá measta trí ghnóthaí nach cliaint iad agus easpórtálaithe céad uaire<br>Dul chun cinn tuairiscithe ag cruinnithe comhchéime débhliantúla leis an Roinn | 2012 amach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.5** | **Spriocanna a bhaint amach** | Cur leis an líon post nua ata gaolta go díreach le heaspórtáil faoi bhreis is 150,000 sa tréimhse 2011-2015<br><br>Éagsúlú a dhéanamh ar cheann scríbe na n-easpórtálacha dúchasacha | Dul chun cinn i gcoinne spriocanna cláir na gníomhaireachta<br><br>Miondealú déanta idir earraí & seirbhísí agus ceann scríbe na n-easpórtálacha<br><br>Dul chun cinn tuairiscithe ag cruinnithe comhchéime débhliantúla leis an Roinn<br><br>Líon na bpost nua atá gaolta go díreach agus go hindíreach le fiontair sa déantúsaíocht, turasóireacht agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta<br><br>Luach na n-easpórtálacha ag fiontair dhúchasacha a fhaigheann cúnamh ón ngníomhaireacht (sprioc: méadú de 33% faoi 2015)<br><br>Méadú ar líon na ngnólachtaí ag easpórtáil & méadú ar luach na n-easpórtálacha reatha<br><br>Éagsúlú ar cheann scríbe na n-easpórtálacha dúchasacha:<br>• Méadú ar sciar an bhia agus na dí easpórtáilte chuig tíortha seachas an RA, ó 56% go 62%.<br>• Méadú ar sciar na n-easpórtálacha eile chuig tíortha seachas an RA, ó % go 63%.<br>• Méadú ar sciar an bhia agus na dí easpórtáilte chuig an Áise ó 4.3% go 7%. | 2012 - 2014 |
| **5.6** | **Gníomhaíocht na Gníomhaireachta** | Sraith chuimsitheach de ghníomhaíochtaí a théann i ngleic leis na constaicí atá i mbealach na heaspórtála | Leibhéal chur i bhfeidhm na nithe seo a leanas:<br>• An Ciste *Going Global*<br>• An Clár *First Flight*<br>• Tógáil ar inniúlachtaí easpórtála trí mheán an Chláir Díolacháin Idirnáisiúnta agus na gceardlann *Excel at Export Selling*<br>• Sraith áiseanna forbartha d'easpórtálaithe<br>• Leibhéal na dtorthaí ar Mhisin Thrádála, e.g., cur i láthair cuideachta, comhaontuithe déanta, etc.<br><br>Bacainní a shainaithint a gcaithfidh easpórtálaithe chuig an AE agus chuig 3ú tíortha dul i ngleic leo chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht an RPFN le Coimisiún an AE chun bacainní a bhaint<br><br>Dul chun cinn tuairiscithe ag cruinnithe comhchéime débhliantúla leis an Roinn | 2012 - 2014 |

## 6. Rialáil

*tá buntáiste iomaíoch mar thoradh ar timpeallacht nua-aimseartha rialála*

Tá timpeallacht stuama, chomhréireach rialála a fheidhmíonn go maith ina bunchuid den méid atá le tairiscint ag Éirinn ó thaobh iomaíochais de. Dar leis na staitisticí idirnáisiúnta tagarmharcála bíonn an t-ualach rialála íseal in Éirinn ó thaobh an ghnó de agus tá timpeallacht rialála na hÉireann ar cheann de na cinn is forásaí agus is tacúla d'fhiontair.

Tá feasacht agus tuiscint i leith na rialachán ríthábhachtach má tá fiontar chun a chinntiú go bhfuil sé ag cloí le ceanglais rialála agus ionas go mbeidh sé i mbun an chleachtais is fearr ó thaobh rialachas corparáideach de. Ní foláir do thimpeallacht éifeachtacht, thacúil

rialála a bheith tacaithe trí rialáil níos fearr gnó, trí iomaíochas agus cearta an tomhaltóra a chur chun cinn, trí fhiontair a rialáil go hiomchuí, trína chinntiú go bhfuil cosaint ann do chearta fostaíochta agus trína chinntiú go bhfuil caidrimh ar an láthair oibre bainistithe go maith, lena n-áirítear soláthar na meicníochtaí Stáit do chaidrimh oibre.

Le feabhsú agus nuachóiriú a dhéanamh ar an timpeallacht rialála cuirtear deiseanna breise ar fáil d'Éirinn buntáiste iomaíoch a fhorbairt a chothóidh agus a spreagfaidh fás fiontar ar bhonn inbhuanaithe. Éilíonn seo go ndéanfaimis feabhas a chur ar an gcreat rialála agus go mbainfimis amach feasacht agus tuiscint níos mó i leith na rialachán.

Tacaíonn tacaí cláir rialála na Roinne leis an sprioc seo. Teastaíonn uainn córas rialála gnó a éascaíonn comórtas sa mhargadh, a bhfuil caighdeáin arda aige ó thaobh cosaint tomhaltóra agus rialachas corparáideach de, a chothaíonn margaí fuinniúla, nuálacha, a chinntíonn go gcosnaítear cearta fostaíochta, agus coinníollacha maithe, sábháilte oibre.

*eagraíochtaí rialála faoinár sainchúram*

Tá roinnt Oifigí agus Gníomhaireachtaí ag an Roinn a bhfuil sainchúram rialála orthu eadhon, *An tÚdarás Iomaíochta*, *An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí* (GNT), *Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach* (OSFC), *An Oifig um Chlárú Cuideachtaí* (OCC), *Clárlann na gCara-chumann* (CCC), *Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann* (ÚMICÉ), *An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta* (ÚNCF), *An Binse Achomhairc Fostaíochta* (BAF), *An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais* (CCO), *An Chúirt Oibreachais*, *An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta* (ÚSS) *Oifig na bPaitinní* agus Aonad Méadreolaíochta Dlí an ÚCNÉ. Bíonn an Roinn i mbun feidhmeanna rialála í féin lena n-áirítear *ceadúnú easpórtála agus ceadúnais fostaíochta.* Is léir mar sin, go bhfuil tionchar suntasach ag an Roinn ar cheanglais rialála sa timpeallacht ghnó.

*ár sprioc don rialáil*

Mar sin, an sprioc straitéis cláir againn maidir le Rialáil ná **go gcuirfimis ár margaí, lena n-áirítear ár margaí fostaíochta, ag feidhmiú ar bhonn níos éifeachtaí trí rialáil chliste a spreagann nuálaíocht, trí iomaíochas maith, trí chaighdeáin arda ghéilliúlachta agus cosaint do thomhaltóirí ach gan costais neamhghátaracha rialála a thabhú.**

Déanfaimid leasú cuimsitheach ar dhlí na gcuideachtaí agus an fhorfheidhmithe trí leasuithe suntasacha reachtúla agus riaracháin. Cuirfimid chun cinn 'cultúr comórtais' trí athruithe a dhéanamh ar dhlí tomhaltais agus ar dhlí na hiomaíochta. Mar thoradh ar ár gcothú ar rialáil níos fearr sa ghnó laghdófar costais oibríochta do ghnóthaí. Déanfaimid athbhreithniú agus athstruchtúrú cuimsitheach ar ár bhfeidhmeanna rialála chun a chinntiú go bhfuil an custaiméir agus an páirtí leasmhar ag croílár córais atá níos éifeachtaí, níos soiléire.

Sa chlár rialála beidh roinnt gníomhaíochtaí mar atá sonraithe anseo a leanas:

Rialáil – Sprioc Straitéiseach Cláir: ***Make markets, including the labour markets, work more efficiently through smart regulation which encourages innovation, keen competition, high standards of compliance and consumer protection but without unnecessary regulatory costs***

| | *Gníomhaíocht* | *Torthaí Inmhianaithe* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Amscála* |
|---|---|---|---|---|
| 6.1 | **Leasú ar Dhlí na gCuideachtaí agus ar Dhlí an Fhorfheidhmithe** | Cód nua-aimseartha reachtaíochta cuideachtaí a chothromaíonn an t-ualach rialála ar ghnóthaí i gcomhthráth lena chinntiú go gcomhlíontar an réim forfheidhmiúcháin | Foilsiú & achtú Bhille Chomhdhlúthú na gCuideachtaí agus an Bhille um Chara-Chumainn agus um Chumainn Tionscail agus Soláthair | Foilsithe faoi dheireadh 2012 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 6.2 | **Cód don Dlí Tomhaltais agus Dlí na hIomaíochta** | Cód nua-aimseartha tomhaltais agus dhlí na gcuideachtaí a chosnóidh tomhaltóirí agus a mbeidh mar aidhm aige a chinntiú go mbeidh comórtas saor, cothrom. | Achtú ar Bhille na gCuideachtaí (Leasú), agus ar an mBille Tomhaltais agus Iomaíochta | 2012 & 2013 |
| 6.3 | **Athbhreithniú ar Struchtúir Eagraíochtúla** | Go mbeadh struchtúir éifeachtacha ag eagraíochtaí maille le sainchúram comhtháite | Athbhreithniú ar struchtúir OSFC, OCC/CCC, agus ÚMICÉ agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann comhoibriú agus sábháiltí a bhaint amach, agus cibé acu an sáródh na sochair na costais a bheadh i gceist dá mbunófaí struchtúr cónasctha ("Oifig Chorparáide")<br><br>Cónascadh ar an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus ar an Údarás Iomaíochta | 2012<br><br>2012 |
| 6.4 | **Rialáil Níos Fearr Gnó** | Costais oibríochtúla laghdaithe do ghnóthaí agus ar an gcaoi sin feabhas curtha ar iomaíochas do ghnóthaí Éireannacha<br><br>Micrea-shuíomh gréasáin chun cuidiú le gnóthaí ar fud na n-earnálacha na príomhrialacháin a aithint ar rialacháin iad a mbeidh tionchar acu orthu<br><br>Clár oibre de rialachán roinnte, níos cliste ar fud an rialtais | Seasamh foriomlán na hÉireann sa Suirbhé a rinne an Banc Domhanda maidir le 'hÉascacht Gnó a Dhéanamh Ann'<br><br>Laghdú 25% ar an ualach riaracháin ar ghnóthaí faoi dheireadh na bliana le coigilt mheasta do ghnóthaí de €500 milliún in aghaidh na bliana | 2012 |
| 6.5 | **Leasú ar Chearta Fostaíochta agus ar Chaidrimh Oibre** | Córas den chéad scoth do réiteach gasta, éifeachtach ar shaincheisteanna caidrimh ar an láthair oibre ar mhaithe le laghdú costas d'úsáideoirí agus íoslaghdú a dhéanamh ar tháirgiúlacht na bhfiontar | A mhéid a bhfuilimid tar éis comhtháthú sásúil a dhéanamh ar na cúig fhoras reatha um chearta fostaíocht agus caidrimh thionsclaíocha chun struchtúr aonair amháin a chruthú ar an gcéad ásc agus ansin foras aonair achomhairc<br><br>Bealach aonair a bhunú d'úsáideoirí seirbhíse, lena n-áirítear pointe aonair iontrála, acmhainn aonair eolais<br><br>Deireadh a chur le riaráistí agus feabhsú a chur ar amanna próiseála<br><br>Feabhsuithe cáilíochtúla trí bhunú seirbhísí nua lena n-áirítear réiteach luath ar dhíospóidí | Faoi dheireadh 2014<br><br>2012 |
| 6.6 | **Maoin Intleachtúil** | Réim rialála nua-aimseartha, shofhreagrach a bhaint amach maidir le maoin intleachtúil a chosnaíonn cruthaitheacht agus nuálaíocht<br><br>Comhaontú a lorg do réim Paitinne nua Aonair Eorpach lena n-áirítear an Chúirt Paitinne | Dul chun cinn agus nuashonrú ar an reachtaíocht agus ar phrótacail um MI (Paitinní, Cóipcheart agus Trádmharcanna)<br><br>Córas láidir cosanta MI san AE | 2012-2014 |
| 6.7 | **Láithreacha Oibre atá Slán, Sábháilte** | Fiontair a bheith ag feidhmiú le láithreacha oibre atá slán, sábháilte | Forbairt agus cur i bhfeidhm céimneach ag an ÚSS ar áiseanna agus pacáistí chun cuidiú le gnóthaí leis an ngéilliúlacht agus chun é dhéanamh níos éasca, níos saoire | 2012-2014 |
| 6.8 | **Líonadh na mBearnaí Tábhachtacha Scileanna** | Cuidiú le líonadh na mbearnaí ó thaobh scileanna de (nach féidir a líonadh ó laistigh den LEE) trí cheadanna fostaíochta | Próiseáil ar iarratais ar cheadanna riachtanacha fostaíochta laistigh de 15 lá oibre | 2012-2014 |
| 6.9 | **Rialachán maidir le Ceimiceáin** | Úsáid shábháilte, éifeachtach á bhaint as ceimiceáin, nuálaíocht níos fearr agus iomaíochas níos fearr<br><br>Tacaíocht éifeachtach do thionscal in éascú chomhlíonadh na réimeanna rialála san AE | Leibhéal sástachta i measc na bpáirtithe leasmhara leis an tacaíocht arna soláthar dar le suirbhé an ÚSS<br><br>Comhlíonadh na nAchtanna maidir le Ceimiceáin, mar atá tuairiscithe ag cigireachtaí/monatóireacht de chuid an ÚSS<br><br>Líon na n-idirbheart seirbhísithe AE agus Idirnáisiúnta | 2012-2014 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | maidir le Ceimiceáin | |
| 6.10 | **Nuachóiriú a dhéanamh ar an Reachtaíocht faoi Cheadanna Fostaíochta trí Chomhthiomsú a dhéanamh ar Achtanna 2003 agus 2006 agus trí ghnáthaimh a chuíchóiriú** | Creat beartais agus dlí do pholasaí imirce eacnamaíochta atá ag teacht le coinníollacha éiritheacha eacnamaíochta | Achtú an Bhille um Cheadanna Fostaíochta 2012 | 2012 |

## 7. Nuálaíocht

*tá an nuálaíocht ríthábhachtach*

Le deich mbliana anuas mhéadaigh Éire faoi thrí an leibhéal infheistíochta sa taighde agus san fhorbairt, agus é sin tacaithe ag an éileamh fiontair do T&F, infheistithe i gcaipiteal daonna, i mbonneagar fisiceach agus i dtráchtálú ar thaighde. Tá an infheistíocht phoiblí seo anois ag baint amach dhá oiread a luacha ó infheistíocht ghnó, chuir sé go suntasach le méadú ar infheistíocht choigríche dhíreach, le hiomaíochas an fhiontair dhúchasaigh agus le cruthú fheidhmiú an eolais agus na dteicneolaíochtaí nua. Idir 2003 agus 2009 d'fhás an gaol idir feidhmíocht na ngnólachtaí T&F agus díolacháin is easpórtálacha agus leanfaidh siad ag tacú le téarnamh arna threorú ag an easpórtáil.

*torthaí a bhaint as an infheistíocht*

An sprioc anois ná cur le luas bhaint amach na dtorthaí sonracha eacnamaíochta ónár n-infheistíocht sa Taighde ag cuidiú le fiontair bheith níos iomaíche: Ciallaíonn sin na nithe seo a leanas:

- Tús áite a thabhairt d'acmhainní i réimsí a bhfuil fíordheiseanna ag baint leo,
- É dhéanamh níos éasca rochtain a fháil ar mhaoin intleachtúil (MI),
- Comhoibriú níos dlúithe a thógáil le fiontair, agus
- Méadú ar thráchtálú MI.

Ar cheann de na tosaíochtaí infheistíochta bonneagair ag an Rialtas tá infheistiú straitéiseach san ETN. D'fhonn toradh ceart a fháil ar an infheistíocht sa réimse seo, ní foláir dul i ngleic le saincheisteanna lena n-áirítear riosca do ghnóthaí nuabhunaithe, nuálaíocht a leabú ar fud an gheilleagair, an gá atá le go mbeadh comhoibriú ann idir tionscal agus soláthraithe taighde agus an gá torthaí taighde agus gníomhaíocht nuálaíochta a thabhairt chuig an margadh. Is gá d'Éirinn geilleagar a fhorbairt a mbeidh cáil air as a tháirgiúlacht ard agus as nuálaíocht ard. An treoirphrionsabal mar bhonn is taca leis seo ná barr feabhais sa taighde agus é a aistriú chuig toradh eacnamaíochta chun téarnamh na hÉireann a thiomáint agus fás inbhuanaithe a bhaint amach.

*ár sprioc don nuálaíocht*

An sprioc straitéiseach cláir againn don *Nuálaíocht* ná **go bhforbróimis straitéis nuálaíochta leathan chun ár bhfiontair a dhéanamh níos iomaíche.**

Forbróimid Beartas Nuálaíochta agus cinnteoimid go gcuirfear an beartas sin i bhfeidhm go sásúil. Ní foláir dúinn freisin caighdeáin a choinneáil sa Taighde ar oibrigh muintir na hÉireann go dian chun iad a bhaint amach. Tacóimid le nuálaíocht i bhfiontair dhúchasacha Éireannacha, agus tógfaimid cumas in earnáil an ICD. Déanfaimid ár ndícheall lena chinntiú go dtacóidh an timpeallacht ghnó le nuálaíocht agus go ndéanfar iniúchadh ar fhéidearthachtaí do naisc idirnáisiúnta.

Seo a leanas na bearta gaolmhara chun tacú lenár gclár Nuálaíochta:

Nuálaíocht – Sprioc Straitéiseach Cláir: *Go bhforbróimis straitéis nuálaíochta leathan chun ár bhfiontair a dhéanamh níos iomaíche.*

| | *Gníomhaíocht* | *Torthaí Inmhianaithe* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Amscála* |
|---|---|---|---|---|
| 7.1 | **Mór-infheistíocht taighde arna mhaoiniú go poiblí a ailíniú leis na réimsí deiseanna is dóichí a mbeidh toradh eacnamaíochta orthu** | Cur i bhfeidhm mholtaí an Ghrúpa Stiúrtha Tras-rialtais um Thosaíochtaí Taighde don Infheistíocht ETN<br><br>Achtú reachtaíocht a chuideoidh le taighde feidhmeach a dhéanamh | Meicníochtaí i bhfeidhm chun deiseanna a bhrú ar aghaidh agus a réadú i 14 réimse shonraithe deiseanna<br><br>Gréasáin/foirne/teagmhálacha iomchuí tras-ghníomhaireachta ag feidhmiú go héifeachtach<br><br>Glaonna iomaíocha do mhaoiniú dírithe ar na 14 réimse deiseanna | 2012<br><br>2012<br><br>2012 |
| 7.2 | **Tacar sonraí a bhunú agus a choinneáil chun rianú a dhéanamh ar ionchuir agus ar thorthaí ETN** | Raon sonraí le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na hinfheistíochta, agus fócas an chláir, na gníomhaíochta nó mhéid na hinfheistíochta a leasú de réir mar is gá | Tacar sonraí údarásach nuashonraithe ar bhonn céimneach agus a thabharfaidh toradh ar infheistíocht agus rangú comparáide na hÉireann vis-à-vis tíortha iomaitheora do tháscairí ETN<br><br>Fócas agus feidhmíocht feabhsaithe sa chaiteachas ar Thaighde | 2012 |
| 7.3 | **An leibhéal barr feabhais sa taighde a choinneáil in Éirinn** | Éire a choinneáil ar an rogha áite do thaighdeoirí agus do ghnólachtaí atá ag féachaint le taighde, forbairt agus nuálaíocht barr feabhais a dhéanamh | Sonraí leanúnacha, bliantúla agus débhliantúla; tacú le Caipiteal Daonna; Táscaire maidir le Déine Taighde; HERD; BERD; Líon na IETNanna agus na n-ionad taighde straitéiseach; Paitinní agus na mac-chuideachtaí | 2012-2014 |
| 7.4 | **A chinntiú go bhfuil dóthain ionad taighde mór, tioncharach in Éirinn** | Ionaid struchtúrtha i gceart, le dóthain acmhainní agus dírithe chun freastal ar na héilimh sa gheilleagar iomaíoch nuálach chun freagairt do riachtanais tionscail | Fócas ar ionaid tionscail-threoraithe, go háirithe chun tacú le réimsí deiseanna arna moladh ag an nGrúpa Stiúrtha um Thosaíochtaí Taighde | 2014 |
| 7.5 | **Fás leanúnach a chinntiú i gcumas na gcuideachtaí dúchasacha Éireannacha táirgí, próisis agus seirbhísí nuálacha úrscothacha a fhorbairt** | Fás inbhuanaithe i gcumas na bhfiontar dúchasach chun táirgí, próisis agus seirbhísí a fhorbairt chun buntáiste iomaíoch a thabhairt dóibh<br><br>Cumas feabhsaithe T&F laistigh de chuideachtaí, naisc leis an mbonn taighde ag an tríú leibhéal agus tacaíocht don tráchtálú | Scéim Dearbháin Nuálaíochta sínte chun seirbhísí dearaidh agus brandála a chur san áireamh<br><br>Baint amach spriocanna i ndáil le Gníomhaíochtaí T&F a Aistriú sa Tionscnamh Fiontar<br><br>Feidhmíocht na nIonad Teicneolaíocht & Gréasáin Tionscal-treoraithe bunaithe<br><br>Leibhéal thráchtálú an taighde faoin gCiste Tráchtálaithe<br><br>Forbairt Phrótacal Tráchtálaithe MI<br><br>Paitinní, mac-chuideachtaí<br><br>Suirbhé maidir le Nuálaíocht sa Phobal (Eurostat) | 2012-2014 |
| 7.6 | **Leanúint ag mealladh infheistíocht Choigríche Dhíreach (ICD) ardluacha chuig Éirinn agus leabú níos fearr a dhéanamh ar chuideachtaí ICD i ngeilleagar na hÉireann** | Infheistíochtaí nua ICD a bhuachan i ndianréimsí Taighde<br><br>Rannpháirtíocht chothaithe agus fheabhsaithe na gcuideachtaí ICD in IETNanna agus ITSanna | Figiúir maidir le cruthú post go dtí 2014<br><br>Caiteachas bliantúil chliaint ÚFT de €1.7bn faoi 2014 & spriocanna breise do 2015<br><br>Sciar na n-infheistíochtaí buaite ÚFT luaite go bliantúil le T&F | 2014<br><br>2014<br><br>Bliantúil |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 7.7 | **Tacú le rannpháirt ar chláir T&F an AE** | Leibhéil mhéadaithe de rannpháirtíocht fiontar a dhaingniú agus mar thoradh air sin tarraingt anuas ó FP7 | Leibhéil rannpháirtíochta & tarraingthe anuas (tarraingt anuas iomlán de €600m le haghaidh FP7) | 2013 |
| | | Tacú le rannpháirtíocht acadúil agus fiontar le deiseanna AE sa T&F | | Idir lámha |
| | | Idirbheartaíocht ar an gCéad Chreat-chlár Taighde agus Nuálaíochta eile (Horizon 2020) don tréimhse 2014-2020 ag féachaint le hailíniú a dhéanamh ar riachtanais taighde agus láidreachtaí na hÉireann | Teacht ar chomhaontú maidir le Horizon 2020, agus meicníochtaí a eagrú a bheidh ina mbonn is taca leis an toradh is fearr a fháil d'Éirinn | Idirbheartaíocht le tarlú 2012-2013 |

## 8. Ag Forbairt Earnálacha le Poitéinseal

*meascán maith fiontar a bhaint amach*

Samplaí d'earnálacha a chuireann fostaíocht shuntasach ar fáil anois in Éirinn ná earnálacha na cógaisíochta, TFC, agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta, cuireann siad go mór le heaspórtálacha agus mheall siad a lán de na cuideachtaí móra domhanda chun teacht agus lonnú in Éirinn le fiche bliain anuas. Cé go leanfaidh na hearnálacha seo de ról tábhachtach a bheith acu i ngeilleagar na hÉireann, is gá dúinn freisin féachaint le breith ar an gcéad bhabhta eile d'earnálacha éiritheacha ionas go mbainfidh Éire leas as cruthú post inbhuanaithe fadtéarmach. Is gá dúinn spriocdhíriú go gníomhach ar earnálacha, agus sainaithint phráinneach a dhéanamh ar chonstaicí atá i mbealach na ndeiseanna sin agus na constaicí a bhaint.

*ár sprioc*

An sprioc straitéiseach cláir don sprioc *Ag Forbairt Earnálacha le Poitéinseal* ná **go dtabharfaimis tosaíocht d'earnálacha ina bhfuil deiseanna agus go mbainfimis constaicí go córasach agus go bhforbróimis beartais chumasúcháin.**

*earnálacha le poitéinseal*

Ar na hearnálacha a ainmníodh mar earnálacha a bhfuil poitéinseal suntasach acu d'Éirinn tá Sláinte, Eolaíochtaí Saoil & medtech, teicneolaíocht "airgid", ríomhaireacht scamall, eacnamaíocht dhigiteach & seirbhísí meáin, earnáil na gcluichí ríomhaire (go háirithe cluichíocht dhigiteach), agus an geilleagar glas (go háirithe Cleantech). Tá earnálacha eile freisin a bhfuil poitéinseal acu, amhail na tionscail chruthaitheacha agus seirbhísí oideachais.

*déantúsaíocht*

Tá an déantúsaíocht ina bunchuid dár ngeilleagar, agus leanfaidh sin de bheith amhlaidh. Ar na nithe a shamhlófar le hoibríochtaí déantúsaíochta amach anseo in Éirinn beidh infheistíocht teicneolaíochta níos airde agus táirgí le luach níos airde. Ní mór dár mbonn déantúsaíochta a bheith iléagsúil freisin ionas go mbeidh sé inbhuanaithe. Beidh ar ghnólachtaí tógáil ar láidreachtaí agus ar chomhleasa reatha, agus díriú freisin ar dheiseanna in earnálacha éiritheacha. Chuige seo nascfaimid ár bhfócas ar dhéantúsaíocht lenár gcuid oibre in earnálacha éiritheacha. Tosaíocht don Rialtas ná déantúsaíocht tháirgiúil bhreisluacha agus leanfaidh seo ag cur go suntasach le fás agus easpórtálacha na hÉireann.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí sa chlár *Ag Forbairt Earnálacha le Poitéinseal*:

Ag Forbairt Earnálacha le Poitéinseal – sprioc straitéiseach cláir: *go dtabharfaimis tosaíocht d'earnálacha ina bhfuil deiseanna agus go mbainfimis constaicí go córasach agus go bhforbróimis beartais chumasúcháin.*

| | *Gníomhaíocht* | *Torthaí Inmhianaithe* | *Táscairí Feidhmíochta* | *Amscála* |
|---|---|---|---|---|
| **8.1** | **Tacú le forbairt na n-earnálacha nua agus éiritheachta** | Meascán láidir fiontar<br>Go mbeadh Éire ag tús cadhnaíochta i bhforbairt teicneolaíochta nua agus scileanna i ndáil le Sláinte, Eolaíochtaí Beatha & Medtech; Teicneolaíocht "Airgid" Ríomhaireacht Scamall, Eacnamaíocht Dhigiteach & Seirbhísí Meáin; Earnáil na gCluichí Ríomhaire (go háirithe Cluichíocht Dhigiteach); agus an Geilleagar Glas<br>Cur chuige tras-rialtais i leith an chuir chuige agus na tacaíochta do na hearnálacha seo<br>Méadú ar líon na bpost agus na bhfiontar atá ag feidhmiú sna hearnálacha seo | Líon na bpost in earnálacha<br>Líon agus luach na n-easpórtálacha in earnálacha<br>Baint amach cuspóirí sonracha i ndáil le gach earnáil mar atá sonraithe thuas | 2012-2014 |
| **8.2** | **Athdhíreoimid iarrachtaí na gníomhaireachta ar an earnáil déantúsaíochta** | Earnáil bheoga déantúsaíochta ag feidhmiú go hiomaíoch sna margaí dúchasacha agus coigríche<br>Soláthar méadaithe do chuideachtaí ilnáisiúnta | Athbhreithniú déanta ar chuideachtaí déantúsaíochta, constaicí a d'fhéadfadh a bheith i mbealach an fháis aitheanta agus cláir curtha i bhfeidhm chun constaicí a laghdú<br>Méadú ar leibhéal an fho-sholáthair i measc cuideachtaí ilnáisiúnta | 2012-2014 |
| **8.3** | **Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann earnáil na gcaighdeán a fhás in Éirinn** | Straitéis maidir le leas a bhaint as deiseanna in earnálacha éiritheacha trí mheán an phróisis forbartha caighdeán agus úsáid caighdeán | Straitéis forbartha ag ÚCNÉ | 2012 |

## 9. Ag Cur i bhFeidhm na Straitéise agus Ag Bainistiú an Athraithe

Ní clár oibre beartais socraithe, nach féidir a athrú an Straitéis. Beidh gá athdhíriú agus forbairt a dhéanamh ar an Straitéis le caitheamh ama agus beidh gá í a athrú agus a thabhairt chun míneadais le taithí.

*feidhmíocht a mheas*

Ar an gcaoi chéanna, i gcás na gclár a ndéanann an Roinn iad a fheidhmiú go díreach, beidh gá le córas stuama chun feidhmíocht a mheas agus gníomhú go pras ar na torthaí. Tá na meicníochtaí aiseolais sin ríthábhachtach chun a chinntiú go ndéanfar na beartais sin a ghlacadh i bhfianaise na taithí agus go bhforbrófar agus go bhfeidhmeofar beartais nua. Mar sin éileoidh feidhmiú sásúil na straitéise seo fócas i bhfad níos láidre ar fhorbairt beartais sa Roinn.

Beidh sé riachtanach acmhainn láidir beartais a chruthú agus éileofar measúnú a dhéanamh ar an gcleachtas is fearr, meastóireacht a dhéanamh ar bhearta beartais reatha agus idirghníomhú le fiontair agus le páirtithe leasmhara eile. Forbrófar tuilleadh deiseanna d'ionchur a dhéanfaidh páirtithe leasmhara i bhforbairt beartais agus forbrófar gréasáin níos fearr idir an Roinn agus páirtithe leasmhara. Ar cheann de na nithe a shamhlófar leis an Roinn agus a Gníomhaireachtaí ná tuairisciú trédhearcach na feidhmíochta de réir mar a fhéachfaimid le tacaíocht níos leithne tras-Rialtais agus phoiblí a fháil don straitéis seo, straitéis a bhfuil tábhacht níos mó léi dár ngeilleagar agus dár sochaí i láthair na huaire.

*Forfás a chomhtháthú*

Faoi láthair táimid ag measúnú conas is fearr a dhéanfar Forfás a chomhtháthú leis an Roinn. Cé gur deimhin go gcuirfidh seo deiseanna ar fáil d'fhorbairt na cinnteoireachta is dúshlán mór é agus beidh gá ag an Rialtas athruithe reachtúla agus athruithe maidir le faomhadh a dhéanamh chomh maith le pleanáil agus bainistiú go cúramach chun toradh maith a chinntiú.

*ár gcumas spriocanna a bhaint amach*

Tá mar sprioc againn bheith ceannródaíoch maidir le cleachtas sa Státseirbhís i socrú agus baint amach na spriocanna feidhmíochta. Tá tábhacht nach beag ag baint leis seo i gcomhthéacs go bhfuilimid ag féachaint le dúshláin a shárú ar dúshláin iad atá leagtha amach sa straitéis seo i bhfianaise laghdú measta de 10% ar líon foirne agus acmhainní airgeadais. Beidh seo ar an dúshlán lárnach bainistithe don Roinn. Caithfimid na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- córais a fhorbairt chun tús áite a thabhairt d'úsáid na n-acmhainní do phríomhspriocanna agus do phríomhbhearta;
- bheith éifeachtach;
- feabhas a chur ar úsáid agus ar ghlacadh teicneolaíochta;
- athstruchtúrú a dhéanamh ar roinnt oibríochtaí;
- díriú ar bhaint amach torthaí;
- freagracht a shannadh do bhaint amach spriocanna agus a chinntiú go bhfuil an t-údarás agus na hinniúlachtaí ag na daoine leis an bhfreagracht;
- spriocanna CLISTE a shocrú a dhéanfaidh measúnú ar an dul chun cinn atá déanta;
- a chinntiú go n-aithnítear ag céim luath má táthar ag imeacht ó bhaint amach na spriocanna agus feidhmiú air sin; agus
- a chinntiú go n-áirítear sa chuntasacht aitheantas ar rath agus gníomhú i gcás feidhmíocht lag.

*cur chuige oscailte*

Beidh éileamh leanúnach ann ar bhainistiú an athraithe sa Roinn agus éileoidh seo ceannaireacht ag gach leibhéal bainistíochta agus beartais iomchuí acmhainní daonna chun an fhoireann a spreagadh.

Tá an Roinn ar an eolas faoina ról sa téarnamh eacnamaíochta agus i gcruthú fostaíochta. Cé nach ról an Rialtais é poist a chruthú, is gá don Rialtas a chinntiú go bhfuil coinníollacha i bhfeidhm chun cuidiú le fiontair agus le fiontraíocht bheith faoi bhláth. Trí mheán na Straitéise seo ba mhaith linn a chinntiú go mbeidh an meascán ceart de bheartais agus de chláir ag an eagraíocht seo, an cumas iad a chomhlíonadh, agus go mbeifear in ann tionchar a imirt ar an iarracht clár oibre níos leithne don iomaíochas a bhaint amach ar fud an Rialtais agus ar bhonn idirnáisiúnta.

*an phríomhláidreacht againn ná an fhoireann*

Ní bhainfear an Straitéis uaillmhianach seo amach ach trí dhainobair ár bhfoirne. Gan dabht, tiocfaidh deacrachtaí chun solais agus tá de dhualgas orainn go léir tacú leis an bhfoireann agus a chinntiú go mbeidh an oiliúint, na háiseanna agus an tacaíocht ar fáil dóibh ionas gur féidir leo na dúshláin sin a shárú.

*a plean feidhmithe*

Ceapadh an Straitéis seo le bheith sofhreagrach, in-oiriúnaithe agus intomhaiste Rud atá ríthábhachtach ná an Plean Feidhmithe atá á bheartú agus a bheidh nasctha leis an Rannán gnó agus éascóidh seo an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú leanúnach.

Féachtar sa Straitéis seo le cuntas macánta a thabhairt ar cá bhfuilimid mar eagraíocht agus cad ba mhaith linn a bhaint amach i bhfianaise na n-acmhainní is dócha a bheidh ar fáil agus na ndúshlán a gcaithfimid aghaidh a thabhairt orthu. Leagtar amach sa Straitéis fís ar féidir leis an bhfoireann go léir oibriú ina treo, cuireann sí soiléire ar fáil do pháirtithe leasmhara agus is caibidil nua í don Roinn, mar a fheicfimid an Roinn ag baint an leasa is fearr as a cion agus a tionchar tráth a bhfuil orainn go léir aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin agus cultúr a fhorbairt a bheidh oscailte, macánta agus inathraithe.

Sa tábla seo a leanas leagtar amach ár ngealltanais ó thaobh an Straitéis a chur i bhfeidhm agus bainistiú a dhéanamh ar chlár an athraithe:

***Ag Cur i bhFeidhm na Straitéise agus ag Bainistiú an Athraithe – Gealltanais***

| | *Gníomhaíocht* | *Torthaí Inmhianaithe agus Bearta* | *Amscála* |
|---|---|---|---|
| **9.1** | **Ár mBeartas a dhaingniú maidir le hAnailís agus Forbairt Scileanna** | Cumas méadaithe don fhorbairt agus do chur chun cinn ár mbeartas ar fud an Rialtais<br><br>Ceannaireacht níos láidre i ndáil lenár nGníomhaireachtaí<br><br>Gníomhaíochtaí / cláir nach bhfuil inmheasúnaithe a thuilleadh le bheith athdhírithe nó scor de na gníomhaíochtaí/cláir sin i bhfabhar gníomhaíochtaí ar féidir a dtorthaí a fhíorú<br><br>A chinntiú go mbaintear amach cumas optamaithe beartais mar thoradh ar Idirghníomhú/comhtháthú Fhorfás leis an Roinn | 2012-2014 |
| **9.2** | **Soiléire a bhaint amach faoin gcaoi ar chóir dúinn bheith ag obair** | Rún maidir le Luachanna – an cultúr a dtacaímid leis a chur in iúl maille leis na bearta is gá chun cuidiú íoslaghdú a dhéanamh ar an obair atá riachtanach. Déanfaimid athbhreithniú ar ár n-oibríochtaí agus leagfaimid amach an cleachtas is fearr don obair (e.g. próisis IC , gníomhaíocht chomhordúcháin, úsáid TFC  etc.)<br><br>Bainisteoirí le bheith soiléir faoina méid údaráis atá acu cinntí a dhéanamh. Treoirlínte soiléire agus é seo scaipthe i measc na ndaoine a bhíonn i mbun na cinnteoireachta sa Roinn | 2013 |
| **9.3** | **Smaointeoireacht agus Feidhmiú Straitéiseach** | Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) le díriú ar chúrsaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Tuarascálacha Leasaithe Bainistíochta Faisnéise le Tuarascáil a chur san áireamh maidir le Dul Chun Cinn agus Oibríochtaí. | 2012 |
| **9.4** | **Cumarsáid, Comhroinnte Faisnéise & Bainistiú Eolais** | Cinnteoimid go mbeidh ár mbeartais, ár n-ionstraimí agus ár n-áiseanna, lena n-áirítear na bealaí don chumarsáid inmheánach agus na córais bainistithe doiciméad, ag tacú le cultúr na comhroinnte eolais. Suíomh gréasáin nua ag léiriú na ngníomhaíochtaí iléagsúla agus ag úsáid teicneolaíochtaí nua-aimseartha. Iniúchadh le déanamh ar fhéidearthachtaí na Meán Sóisialta agus iad a úsáid de réir mar is cuí<br><br>Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí Comhoibriúcháin agus Comhroinnte Doiciméad chun go mbeadh sé níos éasca ar an bhfoireann atá lonnaithe i suíomhanna éagsúla beith obair le chéile le cur chuige foireann-bhunaithe | 2012-2013 |
| **9.5** | **Rialachas Níos Láidre** | Cruinnithe débhliantúla CCI le Gníomhaireachtaí agus Oifigí chun díriú ar bhaint amach spriocanna<br><br>Athbhreithniú ar an idirchaidreamh le Gníomhaireachtaí agus Oifigí chun a chinntiú go mbaintear amach rialachas níos aoncincheálaí, níos éifeachtaí<br><br>Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse lenár nGníomhaireachtaí agus ár nOifigí le linn 2012 ag cur san áireamh a spriocanna agus a leibhéil seirbhíse do chustaiméirí<br><br>Straitéisí gearra, spriocdhírithe á bhforbairt ag oifigí<br><br>Straitéisí na ngníomhaireachtaí le Straitéis na Roinne a chur san áireamh agus iad a bheith ag | 2012-2014 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | cur le baint amach Straitéis na Roinne<br>Athbhreithniú Seachtrach agus tástáil struis ar chur i bhfeidhm na Straitéise | |
| **9.6** | **Athbhreithniú a dhéanamh ar ár Struchtúir** | Athbhreithniú ar struchtúr na Roinne d'fhonn spriocanna na Straitéise a bhaint amach<br>Athbhreithniú ar gach Struchtúr Gníomhaireachta agus Oifige<br>Breithniú a dhéanamh ar bhunú Aonaid nua in earnálacha ardphoitéinseil; saineolas eacnamaíochta agus infheistiú straitéiseach; Oifig Chumarsáide; agus Bainistiú an Athraithe<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar chóiríocht na hoifige ag féachaint le costais a íoslaghdú agus an leas is fearr a bhaint as an spás. | 2012<br>2013<br>2012<br>2013 |
| **9.7** | **Seirbhísí Comhroinnte agus Leasú na hEarnála Poiblí** | Rannpháirt ghníomhach a bheith ann leis an gclár Seirbhísí Comhroinnte agus le cláir eile Leasaithe na hEarnála Poiblí<br>Straitéis TFC 2012-2014 a cheapadh<br>Úsáid níos éifeachtaí, tíosaí ar theicneolaíochtaí ar líne lena n-áirítear feabhas ar bhealaí cumarsáide agus faisnéise(e.g. suíomhanna gréasáin) agus seirbhísí ar líne (ríomhsheirbhísí Rialtais) go háirithe ag úsáid foirmeacha leictreonacha<br>Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna féideartha arna soláthar ag na teicneolaíochtaí nua don Bhainistiú Cásanna/Bainistiú Caidrimh le Custaiméirí | 2012-2014<br>2012<br>2012-2014<br>2012-2013 |
| **9.8** | **Ag Úsáid agus ag Forbairt ár Scileanna** | Clár Scileanna/Taithí a thiomsú<br>Rothlú foirne a bheith rialta<br>Oiliúint i bhfeabhsúcháin próisis e.g. Lean / Six Sigma.<br>Clár gearr oiliúna do gach bainisteoir i ndáil le Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus Córas Bainistíochta Riosca<br>Dul i ngleic le riachtanais tosaíochta i ndáil le heasnaimh scileanna<br>Clár oiliúna a shocrú chun feabhas a chur ar chumas na foirne tionchar a imirt ar ár gclár oibre<br>Breithniú a dhéanamh ar bhearta forbraíochta chun daingniú a dhéanamh ar thaighde agus ar anailís scileanna | 2012-2015 |
| **9.9** | **Tionscnaimh don Bhainistiú AD** | Tionscadal píolótach sa phleanáil fórsa oibre<br>Breithniú a dhéanamh ar conas a dhéanfaimid aitheantas a thabhairt do bhaill foirne a dhéanann cion eisceachtúil<br>Tástáil phíolótach a dhéanamh ar scéimeanna soghluaisteachta chun feabhas a chur ar thaithí agus ar scileanna | 2012 |

## Aguisín – An Clár do Ghealltanais Rialtais

Tá cur síos anseo thíos ar an gcaoi a bhfuil ár ngníomhaíochtaí straitéiseacha ag teacht leis an gClár Rialtais, clár ar a bhfuil ról tosaíochta ag an Roinn seo. De bhreis ar na gealltanais sin atá treoraithe ag an Roinn seo, déanaimid cion suntasach ar raon eile gealltanas sa Chlár Rialtais. Ba chóir a mheabhrú go bhféadfaidh gealltanais an Chláir Rialtais athrú le caitheamh ama chun cinntí agus tosaíochtaí nua an Rialtais a chur san áireamh.

| Tag. | Gealltanas CR | Gníomhaíochtaí Iomchuí Straitéise |
|---|---|---|
| CR 1 | An gearradh siar ar an íosphá a aisiompú. | Curtha i bhfeidhm cheana féin |
| CR 2 | Roinnt tionscnamh earnála a chur i bhfeidhm i réimsí a chruthóidh fostaíocht sa gheilleagar dúchasach | 7.5 Fás leanúnach a chinntiú i gcumas na gcuideachtaí dúchasacha Éireannacha táirgí, próisis agus seirbhísí nuálacha úrscothacha a fhorbairt<br>4.6 Tacú le hobair an Ghrúpa Chomhairligh do Ghnóthaí Beaga<br>4.7 Próisis agus cláir a fhorbairt atá dírithe ar fhiontraithe agus ar ghnóthaí beaga<br>4.8 Feabhas a chur ar rochtain na FBManna ar Sholáthar na hEarnála Poiblí<br>4.9 Plean Bliantúil Gníomhaíochta do Phoist<br>4.10 Nasc-thionscnamh<br>8.1 Tacú le forbairt na n-earnálacha nua agus éiritheacha<br>8.3 Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann earnáil na gcaighdeán a fhás in Éirinn. |
| CR 3 | Ceapfaimid clár nua 'Ón mBaile chuig Easpórtáil' chun an saineolas atá ag cuideachtaí a bhíonn ag easpórtáil a roinnt le gnólachtaí a bhíonn ag brath faoi láthair ar mhargaí dúchasacha. | 5.3 Margaí Fáis<br>5.4 Tacú le gníomhaíochtaí FÉ as a n-eascróidh easpórtálaithe céad uaire agus tacú le samhail nua rannpháirtíochta agus for-rochtana do ghnóthaí nach cliaint de chuid FÉ iad<br>5.5 Spriocanna a bhaint amach<br>5.6 Gníomhaíocht Gníomhaireachta |
| CR 4 | Forbairt a dhéanamh ar thairseach 'Foinsithe in Éirinn' chun margaíocht a dhéanamh ar earraí agus seirbhísí Éireannacha thar lear. | 5.3 Margaí Fáis<br>5.4 Tacú le gníomhaíochtaí FÉ as a n-eascróidh easpórtálaithe céad uaire agus tacú le samhail nua rannpháirtíochta agus for-rochtana do ghnóthaí nach cliaint de chuid FÉ iad |
| CR 5 | Tacóimid lenár dtionscal cluichíochta digití trí leasú a dhéanamh ar thacaí T&F atá ar fáil don tionscal, trí mhaoiniú a chur ar leataobh ó Chiste Nuálaíochta na hÉireann don scéim síolchaipitil do ghnóthaí nuabhunaithe cluichíochta Éireannacha, trí ghné meáin dhigitigh a thabhairt isteach i gClár na hIdirbhliana agus trí mhol cluichíochta digití Éireannach a chur chun cinn. | 7.1 Mór-infheistíocht taighde arna mhaoiniú go poiblí a ailíniú leis na réimsí deiseanna is dóichí a mbeidh toradh eacnamaíochta orthu<br>8.1 Tacú le forbairt na n-earnálacha nua agus éiritheacha |
| Cr 6 | Forbróimid prótacal Náisiúnta do Mhaoin Intleachtúil (MI) chun go mbeidh intuarthacht ann ó thaobh cén gnó ar féidir leis MI a rochtain, ar MI é a cruthaíodh in Institiúidí Ardoideachais agus san earnáil dhigiteach i gcoitinne. | 7.5 Fás leanúnach a chinntiú i gcumas na gcuideachtaí dúchasacha Éireannacha táirgí, próisis agus seirbhísí nuálacha úrscothacha a fhorbairt<br>6.6 Maoin Intleachtúil |
| CR 7 | Cuirfimid chun cinn infheistiú sa taighde teicneolaíochta, san fhorbairt agus sa tráchtálú agus tacóimid leis, ag dul thar buntaighde arna thacú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus bainfimid constaicí atá i mbealach na nuálaíochta agus cuirfimid leis an luas lena mbaintear leas as teicneolaíochtaí nua. | 7.1 Mór-infheistíocht taighde arna mhaoiniú go poiblí a ailíniú leis na réimsí deiseanna is dóichí a mbeidh toradh eacnamaíochta orthu<br>7.2 Tacar sonraí a bhunú agus a choinneáil chun rianú a dhéanamh ar ionchuir agus ar thorthaí ETN<br>7.3 An leibhéal barr feabhais sa taighde a choinneáil in Éirinn<br>7.4 A chinntiú go bhfuil dóthain ionad taighde mór, tioncharach in Éirinn<br>7.5 Fás leanúnach a chinntiú i gcumas na gcuideachtaí dúchasacha Éireannacha táirgí, próisis agus seirbhísí nuálacha úrscothacha a fhorbairt<br>7.6 Leanúint ag mealladh Infheistíocht Choigríche Dhíreach (ICD) ardluacha chuig Éirinn agus leabú níos fearr a dhéanamh ar chuideachtaí ICD i ngeilleagar na hÉireann<br>7.7 Tacú le rannpháirt ar chláir T&F an AE |
| CR 8 | Spriocdhíreoimid ar phríomhréimsí agus ar | 7.1 Mór-infheistíocht taighde arna mhaoiniú go poiblí a ailíniú leis na |

| Tag. | Gealltanas CR | Gníomhaíochtaí Iomchuí Straitéise |
|---|---|---|
| | phíomh-earnálacha teicneolaíochta inar féidir nuálaíocht a chur i bhfeidhm lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do dhéantúsaíocht ardluacha, ard-ábhair, nanaitgeicneolaíocht, eolaíocht bhitheach, fótónaic agus córais leictreacha agus teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide. | réimsí deiseanna is dóichí a mbeidh toradh eacnamaíochta orthu<br>8.1 Tacóimid le forbairt na n-earnálacha nua agus éiritheacha<br>8.2 Athdhíreoimid iarrachtaí na gníomhaireachta ar an earnáil déantúsaíochta |
| CR 9 | Díreoimid freisin ar chur i bhfeidhm na nuálaíochta teicneolaíochta in earnálacha seanbhunaithe den gheilleagar cosúil le giniúint agus soláthar fuinnimh, iompar, tionscail chruthaitheacha, seirbhísí ardluacha agus ailtireacht agus tógáil trí dhúshláin a aithint, tosaíochtaí a shocrú agus straitéisí a fhorbairt a shonróidh na bearta is gá chun aistriú chuig cur chuige nuálach. | 2.1 Plé le Ranna Rialtais eile agus le fóraim Rialtais maidir leis an gclár oibre fiontar. Forbróimid pleananna chun roinnt gealltanas a chur chun cinn sa Chlár Rialtais a éileoidh tacaíocht agus comhordú tras-Rialtais. |
| CR 10 | Cuirfimid chun cinn páirt iomlán na hÉireann sna tograí don 'Aontas Nuálach' arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2010 ar cheann de na seacht dtionscnamh cheannródaíocha faoi Straitéis 2020 an AE le haidhm shonrach athdhíriú a dhéanamh ar T&F agus ar bheartas nuálaíochta ar phríomhdhúshláin agus ar idirghabhálacha a réadú ina dtáirgí. | 7.7 Tacú le rannpháirt ar chláir T&F an AE |
| CR 11 | Bunóimid gréasán d'Ionaid Taighde Teicneolaíochta a bheidh dírithe ar thaighde feidhmeach teicneolaíochta i réimsí ar leith, a bheidh nasctha leis na hinstitiúidí ardoideachais iomchuí. Cuirfidh na hionaid seo leis an luas lena mbainfear leas as teicneolaíochtaí nua trí bhonneagar a sholáthar a sheasfaidh sa bhearna idir taighde agus tráchtálú teicneolaíochta. Ar dtús báire bunóimid 3 ionad bhreise dírithe ar eolaíocht bhitheach, nanaitheicneolaíocht agus déantúsaíocht ardluacha. Ansin bunófar ionaid eile i réimsí a roghnófar amach anseo.. | 7.4 A chinntiú go bhfuil dóthain ionad taighde mór, tioncharach in Éirinn |
| CR 12 | Tacóimid le forbairt Ionad Seirbhísí Ábhair Idirnáisiúnta ionas go mbeidh tús áite ag Éirinn i mbainistiú na maoine intleachtúla. | 8.1 Tacú le forbairt na n-earnálacha nua agus éiritheacha |
| CR 13 | Beimid ceannródaíoch laistigh de shamhail an AE i ndáil le 'húsáid chóir' Dhlí Cóipchirt na hEorpa, cosúil le SAM, a cheadaíonn go héifeachtach úsáid na sciartha d'obair a bhfuil cóipcheart ag gabháil léi chomh fada agus nach mbaintear an bonn den obair bhunaidh. Ceadóidh seo do chuideachtaí idirlín agus do nuálaithe digiteacha eile a seirbhísí a thabhairt chuig an margadh. | 2.5 Leas a bhaint as deiseanna taighde & nuálaíochta AE |
| CR 14 | Déanfaimid leasú ar an struchtúr reatha de Chomhchoistí Saothair, ag tosú le ceapadh na gcathaoirleach neamhspleách ar na CCSanna, ag a mbeidh an vóta réitigh. Déanfaidh roghanna leasúcháin iniúchadh ar an ráta pá d'uaireanta neamhghnácha. | 3.2 Dul chun cinn a dhéanamh ar achtú na reachtaíochta a thabharfaidh éifeacht don chlár oibre de leasú na gComhchoistí Saothair (CCSanna) |
| CR 15 | Laghdóimid an costas ar an Rialtas a eascraíonn as ró-oifigiúlachas sa ghnó, i gcuid trí chuíchóiriú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe rialála trí chónascadh agus cuíchóiriú a dhéanamh ar na struchtúir reatha. Cruthóimid Údarás Cigireachta agus Ceadúnaithe a ghlacfaidh air féin na gníomhaíochtaí reatha cigireachta ar ghnóthaí a bhíonn ar bun faoi láthair ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus ar an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. | 6.4 Rialáil Fheabhsaithe Gnó |

| Tag. | Gealltanas CR | Gníomhaíochtaí Iomchuí Straitéise |
|---|---|---|
| CR 16 | Forbróimid Aitheantóir Uathúil Gnó le go mbeidh gach roinn rialtais in ann úsáid a bhaint as chun éascú a dhéanamh ar chomhroinnt eolais sa Rialtas agus laghdú a dhéanamh ar dhúbailtí iarratais ó ghnóthaí. | 2.1 Plé le Ranna Rialtais eile agus le fóraim Rialtais maidir leis an gclár oibre fiontar. Forbróimid pleananna chun roinnt gealltanas a chur chun cinn sa Chlár Rialtais a éileoidh tacaíocht agus comhordú tras-Rialtais. |
| CR 17 | Tabharfaimid isteach struchtúir dheonacha a bheidh ina gceangal dlí do phlean fiachais tráchtála chun an deis a thabhairt do ghnóthaí beaga fiacha a athstruchtúrú gan gá dóibh dul trí ghnáthaimh chostasacha cúirte. | 2.1 Plé le Ranna Rialtais eile agus le fóraim Rialtais maidir leis an gclár oibre fiontar. Forbróimid pleananna chun roinnt gealltanas a chur chun cinn sa Chlár Rialtais a éileoidh tacaíocht agus comhordú tras-Rialtais. |
| CR 18 | Cuirimid i bhfeidhm scéim shealadach de pháirt-chreidmheas a chuirfidh leibhéal áirithe dearbhaithe ar fáil do bhainc i gcoinne na gcaillteanas ar iasachtaí incháilithe a cuireadh ar fáil do ghnólachtaí a chruthaíonn poist chun go dtosóidh na bainc ag tabhairt iasachtaí arís do thionscail agus d'fhiontraithe. | 3.4 Scéim Shealadach Ráthaíochta Pháirt-Chreidmheasa a thabhairt isteach |
| CR 19 | Bunóimid Ciste Micrea-mhaoiniúcháin le €100 milliún a chuirfidh iasachtaí agus cothromas ar fáil do ghnóthaí nuabhunaithe a fhaigheann maoiniú ón CCPN agus cistí príobháideacha institiúide. | 3.9 Ciste Micrea-mhaoiniúcháin a thabhairt isteach |
| CR 20 | Tacóimid le forbairt tionscail síolchaipitil in Éirinn atá níos fuinniúla trí fhéachaint le cuideachtaí móra maoiniúcháin fiontar a mhealladh, amhail Silicon Valley Bank. | 3.8 Scéimeanna Nua Caipitil chun fiontair a mhaoiniú |
| CR 21 | Oibreoimid chun cur chun cinn níos fearr a dhéanamh ar an tsamhail chomhordúcháin idir comharchumainn agus roghanna eile dlí chun struchtúrú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na bhfiontar, agus cuirfimid creat ar bun chun gur féidir an tsamhail chomhoibritheach a réadú, lena n-áirítear i réimsí amhail cúram leanaí, oideachas, tithíocht, aisfheistiú fuinnimh, cosaint comhshaoil, iompar agus cúram sláinte. | 2.1 Plé le Ranna Rialtais eile agus le fóraim Rialtais maidir leis an gclár oibre fiontar. Forbróimid pleananna chun roinnt gealltanas a chur chun cinn sa Chlár Rialtais a éileoidh tacaíocht agus comhordú tras-Rialtais. |
| CR 22 | Tabharfaimid isteach reachtaíocht chun cosc a chur ar chleachtais mhíchothroma trádála san earnáil mhiondíola, amhail 'airgead haló' ó sholáthraithe bia. | 6.2 Cód don Dlí Tomhaltais agus Dlí na hIomaíochta |
| CR 23 | Féachfaimid le hÉirinn a shuí mar mhol idirnáisiúnta don déantúsaíocht in-athnuaite chun infheistíocht idirnáisiúnta agus dhúchasach a mhealladh. | 8.1 Tacú le forbairt na n-earnálacha nua agus éiritheacha |
| CR 24 | Cuirfidh an Rialtas chun cinn earnáil bheoga, éifeachtach shóisialta. Cuirfimid comhairle ar ghníomhaireachtaí gur chóir dóibh caitheamh le fiontraithe sóisialta mar pháirtithe leasmhara tábhachtacha in athnuachan na ngeilleagar áitiúil. Leanfaimid ag tacú le tionscadail do dhaoine óga trí mheán an oideachais, an phobail agus struchtúir dheonacha. | 2.1 Plé le Ranna Rialtais eile agus le fóraim Rialtais maidir leis an gclár oibre fiontar. Forbróimid pleananna chun roinnt gealltanas a chur chun cinn sa Chlár Rialtais a éileoidh tacaíocht agus comhordú tras-Rialtais |
| CR 25 | Ceapfaimid dlí maith don rialachas corparáideach, agus ní rogha bhreise amháin a bheidh i gceist leis seo, agus achtóimid reachtaíocht chun cód ceangailteach a sholáthar don rialachas corparáideach, a bheidh éigeantach do chuideachtaí ar mian leo a bheith liostáilte ar stocmhalartán na hÉireann. | 2.1 Plé le Ranna Rialtais eile agus le fóraim Rialtais maidir leis an gclár oibre fiontar. Forbróimid pleananna chun roinnt gealltanas a chur chun cinn sa Chlár Rialtais a éileoidh tacaíocht agus comhordú tras-Rialtais. |
| CR 26 | Daingneoimid reachtaíocht agus forfheidhmiú an rialachais chorparáidigh. | 2.1 Plé le Ranna Rialtais eile agus le fóraim Rialtais maidir leis an gclár oibre fiontar. Forbróimid pleananna chun roinnt gealltanas a chur chun cinn sa Chlár Rialtais a éileoidh tacaíocht agus comhordú tras-Rialtais. |

| Tag. | Gealltanas CR | Gníomhaíochtaí Iomchuí Straitéise |
|---|---|---|
| CR 27 | An gearradh siar ar an íosphá a aisiompú. | Curtha i bhfeidhm cheana féin |
| CR 28 | Leasóimid an dlí reatha maidir le cearta fostaithe bheith páirteach i gcómhargáil (An tAcht Caidrimh Tionscail (Leasú) 2001), lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an Stát na breithiúnais a rinneadh le déanaí sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine. | 6.5 Leasú a dhéanamh ar Chearta Fostaíochta agus ar Chaidrimh Thionsclaíocha |
| CR 29 | Déanfaimid athbhreithniú agus nuashonrú ar an reachtaíocht maidir le Maoin Intleachtúil atá i bhfeidhm faoi láthair chun sochair na nuálaíochta, forbróimid prótacal Náisiúnta maidir le Maoin Intleachtúil chun soiléire a thabhairt faoi na téarmaí faoinar féidir le gnóthaí rochtain a fháil ar MI arna cruthú in Institiúidí Ardoideachais, agus soiléireofar reachtaíocht a bhaineann le sárú cóipchirt ar líne agus forfheidhmiú ceart i ndáil le cumarsáid dhigiteach. | 6.6 Maoin Intleachtúil |
| CR 30 | Achtóimid an tAcht Cóir-Thrádála, a chuirfidh cosc ar roinnt cleachtas míchothrom trádála san earnáil mhiondíola amhail 'airgead haló' a bhíonn ar sholáthraithe a íoc chun áit a fháil dá n-earraí ar sheilfeanna na n-ollmhargaí. | 6.2 Cód don Dlí Tomhaltais agus Dlí na hIomaíochta |